An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission





Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin

Corrthoghcháin Bhaile Átha Cliath Láir agus na Gaillimhe Thiar

22 Bealtaine 2026

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Samhain 2026
ISBN 978-1-911722-19-9

An Coimisiún Toghcháin,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8X8.

Lean muid ar na meáin shóisialta @ElecCommIRL

An Clár Ábhar

An Brollach	2
Achoimre Fheidhmeach	6
Moltaí PEER	8
Raon Feidhme PEER, Seicliosta agus Forbhreathnú ar Fhreastal	9
Bealaí PEER	13
Cás-Staidéar: Eolas agus Seirbhísí i nGaeilge	**17**
Anailís ar Shonraí	22
Léargais PEER	25
Dea-chleachtais a Breathnaíodh	28
Vótáil Speisialta agus Postvótáil	30
Cás-staidéar: Gan Seoladh Seasta	**33**
Nuashonrú ar Chlár na dToghthóirí agus Ráta Vótála	36
Feachtas Faisnéise do Chorrthoghcháin Bhaile Átha Cliath Láir agus na Gaillimhe Thiar	38
Trédhearcacht agus Spriocdhíriú na Fógraíochta Polaitiúla	43
Tosaíochtaí Amach Anseo	44
Aguisíní	45
Iarnótaí	58

An Brollach



Ar an 22 Bealtaine 2026, vótáil muintir na Gaillimhe Thiar agus Bhaile Átha Cliath Láir i gcorrthoghcháin chun dhá shuíochán fholmha i nDáil Éireann a líonadh. Ba iad sin na chéad chorrthoghcháin a reáchtáladh in Éirinn le beagnach cúig bliana, agus na chéad chinn a reáchtáladh ó bunaíodh an Coimisiún Toghcháin ar an 9 Feabhra 2023.

Chinneamar, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí reachtúla a dhílsítear don Choimisiún le halt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin (PEER) a ullmhú agus a fhoilsiú le haghaidh Chorrthoghcháin na Gaillimhe Thiar agus Bhaile Átha Cliath Láir. Cuireadh é sin in iúl don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus do na cinn chomhairimh a ceapadh le haghaidh na dtoghchán sin.

Is é foilsiú na tuarascála seo deireadh an séú hathbhreithniú den chineál seo atá déanta ag an gCoimisiún ó 2024. Mar a tharla leis na tuarascálacha PEER ar fad roimhe seo agus de réir na bhforálacha reachtacha a rialaíonn PEERanna, leagtar béim sa tuarascáil seo ar an gcúnamh a tugadh do thoghthóirí agus iad ag caitheamh vóta, toghthóirí faoi mhíchumas go háirithe.

Ba é seo an chéad chorrthoghchán a reáchtáladh i mBaile Átha Cliath Láir ó 2009, agus an chéad cheann i nGaillimh Thiar ó 1975. Tá dáilcheantair na Gaillimhe Thiar agus Bhaile Átha Cliath Láir an-difriúil. Tá Gaillimh Thiar ar cheann de na dáilcheantair is mó agus is ceantar tuaithe den chuid is mó é, agus tá Baile Átha Cliath Láir ar cheann de na dáilcheantair is lú agus is ceantar uirbeach den chuid is mó é.

Bhí áthas orainn a fheiceáil go raibh vótálaithe ar dhá thaobh na tíre ag léiriú tiomantas do thoghcháin dhaonlathacha. Bhreathnaigh comhaltaí agus baill foirne an Choimisiúin ar an vótáil ag stáisiúin vótála ó Inis Bó Finne go dtí an Port Thoir, agus chonaic siad vótálaithe ag glacadh am ina laethanta chun a nguth a chur in iúl, agus chun a chinntiú go raibh ionadaíocht iomlán á déanamh ar a bpobail i bparlaimint ár náisiúin.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mbeirt cheann comhairimh, na hoifigigh cheannais, na cléirigh vótála agus le gach duine eile a bhí páirteach, beag nó mór, i reáchtáil rathúil na dtoghchán seo agus as an gCoimisiún a éascú agus muid ag bailiú sonraí don tuarascáil seo. Cibé acu an rabhamar ag feiceáil nó ag cloisteáil faoin tiománaí bus a scaoil vótálaithe scothaosta go doras a n-ionad vótála, nó foireann an stáisiúin vótála a tharraing comharthaí breise de láimh lena chinntiú go bhféadfadh vótálaithe an bealach isteach ceart a aimsiú, spreag iarrachtaí díograiseacha na ndaoine a rinne níos mó ná a ndualgais chun an próiseas daonlathach a éascú foireann an Choimisiúin agus mé féin. Teastaíonn pobal chun toghchán a rith, agus gach iarracht áitiúil chun a chinntiú go rachaidh inrochtaineacht ár gcórais toghcháin chun tairbhe ár ndaonlathais.

Stáisiúin vótála Bhaile Átha Cliath Láir ar tugadh cuairt orthu



Stáisiúin vótála na Gaillimhe Thiar ar tugadh cuairt orthu



Ós rud é nach raibh na himeachtaí toghcháin sin ar siúl ach in dhá cheann de 43 dháilcheantar an Stáit, bhí deis ag an gCoimisiún ár mbreathnóireachtaí a dhíriú ar bhealach nárbh fhéidir a dhéanamh ag imeachtaí toghcháin roimhe seo. I mBaile Átha Cliath Láir ar lá na vótála d'éirigh linn cuairt a thabhairt ar an 21 stáisiún vótála sa dáilcheantar, rud a thug pictiúr úsáideach agus iomlán dúinn ar aon dáilcheantar amháin den chéad uair.

Rinneamar breathnóireachtaí ag 21 stáisiún vótála i nGaillimh Thiar, ar dhá oileán amach ón gcósta ina measc. Thapaíomar an deis ar leith seo freisin chun scrúdú a dhéanamh ar sholáthar eolais agus seirbhísí i nGaeilge do vótálaithe i gceantair Ghaeltachta na Gaillimhe Thiar. Is ceist thábhachtach inrochtaineachta agus ceart teanga é cumas cainteoirí Gaeilge páirt a ghlacadh sa phróiseas daonlathach trí chéad teanga oifigiúil an Stáit. Thug foirne de bheirt bhreathnóirí a labhraíonn Gaeilge cuairt ar stáisiúin vótála i ngach ceann de dheich Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltacht na Gaillimhe agus bhí áthas orthu bualadh le hoifigigh cheannais agus cléirigh vótála thiomanta a labhraíonn Gaeilge agus a chinntigh go bhféadfadh vótálaithe a vóta a chaitheamh i pé teanga a roghnaigh siad.

Mar sin féin, leagann ár mbreathnóireachtaí béim ar an ngá leanúnach le feabhsuithe ar inrochtaineacht toghchán do dhaoine faoi mhíchumas, do chainteoirí Gaeilge agus don phobal i gcoitinne. Mar a tharla i dtuarascálacha PEER roimhe seo, leagaimid amach anseo roinnt moltaí bunaithe ar ár mbreathnóireachtaí, atá ceaptha chun sláine agus inrochtaineacht an chórais toghcháin a fheabhsú agus a chosaint.

Ós rud é go bhfuil deireadh ag teacht le beagán os cionn dhá bhliain d'imeachtaí toghcháin minice, impím ar an Aire agus ar riarthóirí toghchán an t-am roimh an gcéad olltoghchán eile a úsáid chun na moltaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo agus sna tuarascálacha PEER roimhe seo a chur i bhfeidhm, agus chun cur leis na feabhsuithe cuiditheacha atá déanta cheana féin ar ár gcóras toghcháin, ionas go mbeidh an córas toghcháin ar a bhfuil ár ndaonlathas ag brath níos inrochtana don vótálaí ná riamh nuair a fhilleann na vótálaithe ar an mbothán vótála.

Tá súil agam go gcuideoidh na breathnóireachtaí agus na moltaí atá leagtha amach sa tuarascáil seo leis na hiarrachtaí sin agus molaim í agus í á cur faoi bhráid an léitheora.



An Breitheamh Onórach Marie Baker
Cathaoirleach an Choimisiúin Toghcháin




VOTE!
Don't let others speak for you


Cláraigh


An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission


Get your FREE 'I Voted' sticker here
Wear it with pride today!
I'm a VOTER!




I'm REGISTERED to VOTE!



Achoimre Fheidhmeach

Ag eascairt as toghchán an Uachtaráin Catherine Connolly i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus éirí as oifig Pascal Donohue TD i mí na Samhna 2025, bhí gá leis na folúntais sa 34ú Dáil a líonadh do dháilcheantair Bhaile Átha Cliath Láir agus na Gaillimhe Thiar. Faoin *Acht Toghcháin (Leasú), 2011*, ní mór eascaire le haghaidh corrthoghcháin a eisiúint laistigh de shé mhí ó tharla folúntas. D'aontaigh an Dáil leis an eascaire chun an folúntas a líonadh ar an 22 Aibreán 2026, agus sceidealaíodh an dá chorrthoghchán don 22 Bealtaine.

Faoi na cumhachtaí in alt 68 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, féadfaidh an Coimisiún, i ndiaidh gach imeachta toghcháin, tuarascáil a ullmhú agus a fhoilsiú ar riar an imeachta toghcháin sin – 'Athbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin' (PEER). Is é seo an séú tuarascáil PEER agus an chéad uair a rinneadh ceann le linn corrthoghcháin. Cé gur fhan an mhodheolaíocht comhsheasmhach le PEERanna roimhe seo, agus obair allamuigh duine le duine á húsáid, níor bailíodh aon sonraí do Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS) an uair seo, agus tugadh tús áite do staidéar níos sainiúla a dhírigh ar an ráta vótála. Toisc gur athraigh torthaí obair an Choimisiúin le himeacht ama, áirítear sa PEER seo achoimre ar chuid den obair leanúnach atá ar bun ag an gCoimisiún a bhí ábhartha do na corrthoghcháin seo. Áirítear leis sin dul chun cinn ar mhaoirseacht ar chlár na dtoghthóirí, cur i bhfeidhm na rialachán maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhíriú Fógraíochta Polaitiúla, agus tionscnaimh rannpháirtíochta vótálaithe amhail na greamáin "Is Vótálaí mé". Bailíodh sonraí ar an measúnú ar stáisiúin vótála trí chuairteanna a thug comhaltaí agus baill foirne ón gCoimisiún ar 42 stáisiún vótála sa dá dháilcheantar. Áiríodh leis sin an 21 ionad vótála i mBaile Átha Cliath Láir agus 21 ionad vótála ar fud na Gaillimhe Thiar. Tugadh cuairt ar dheich gcinn de na stáisiúin i nGaillimh Thiar mar chuid den chás-staidéar Eolas agus Seirbhísí i nGaeilge, ceann amháin i ngach Limistéar Pleanála Teanga (LPA) i nGaeltacht na Gaillimhe. Bhí sé cinn eile i mBailte Seirbhíse Gaeltachta an Chlocháin agus Chathair na Gaillimhe.

Mar a bhí i gcás ár dtorthaí PEER roimhe seo, bhí ardleibhéal inrochtaineachta ar an iomlán sna hionaid vótála sa dá dháilcheantar. As an 42 ionad vótála ar tugadh cuairt orthu, measadh go raibh 38 (90%) acu inrochtana do thoghthóirí faoi mhíchumas trí phríomhbhealaí isteach nó bealaí isteach malartacha. I mBaile Átha Cliath Láir, áit ar tugadh cuairt arís ar roinnt áiteanna ar tugadh cuairt orthu roimhe seo, bhí feabhsuithe suntasacha i réimsí a tugadh chun solais le linn breathnóireachtaí níos luaithe, lena n-áirítear leagan amach stáisiún vótála agus inrochtaineacht saoráidí páirceála. I measc cuid de na torthaí eile ó sheicliosta PEER do na corrthoghcháin, bhí ceisteanna príobháideachais laistigh de na hionaid vótála agus timpeall orthu, agus ceisteanna a bhain leis an tuairisciú tosaigh ar an ráta vótála.

Athdhearbhaíonn dhá phríomh-mholadh a eascraíonn as an PEER corrthoghchán imní a sainaithníodh i dtuarascálacha PEER roimhe seo faoi chumas an Choimisiúin a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go héifeachtach. Áitímid arís leasú a dhéanamh ar reachtaíocht toghcháin chun ceart reachtúil rochtana agus breathnóireachta a chinntiú do bhaill foirne agus comhaltaí an Choimisiúin mar bhreathnóirí ag imeachtaí toghcháin. Molaimid freisin go gcuirfí an Coimisiún ar an eolas roimh ré faoin sceideal toghcháin atá beartaithe le haghaidh imeachtaí ar nós postvótála nó vótáil speisialta le go mbeidh dóthain ama ag comhaltaí agus ag baill foirne a bheith i láthair don bhreathnóireacht.

Díríonn na moltaí atá fágtha ar a chinntiú go gcuirtear faisnéis ar fáil d'iarrthóirí faoi chomhlíonadh toghcháin, socruithe oiriúnacha a dhéanamh chun an vóta millte a bhreithniú, agus a chinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht i dtaobh comharthaíocht Ghaeilge agus soláthar seirbhísí i nGaeilge.

Ba mhaith leis an gCoimisiún buíochas a ghabháil le gach duine a raibh baint acu le reáchtáil rathúil na gcorrthoghchán seo i mBaile Átha Cliath Láir agus i nGaillimh Thiar. Riaradh na toghcháin go héifeachtúil arís, rud a léirigh gairmiúlacht gach duine a bhí páirteach. Ba mhaith leis an gCoimisiún aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí a rinne gach duine a bhí páirteach. Cuirimid fáilte roimh chur i bhfeidhm cuid de na moltaí PEER roimhe seo agus leanfaimid orainn ag déanamh monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí atá fós ann agus ag spreagadh a gcur i bhfeidhm.



Moltaí PEER

Moladh 1:
A chinntiú go gcomhlíontar na forálacha atá leagtha amach sa reachtaíocht teanga maidir le comharthaíocht agus seirbhísí i nGaeilge ag gach imeacht toghcháin amach anseo trí chinn chomhairimh a fhorordú mar chomhlachtaí poiblí faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*.

Moladh 2:
Ba cheart don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta *Meabhrán lena dTugtar Treoir d'Iarrthóirí* a fhoilsiú nó a dháileadh, ina leagtar amach agus ina ndéantar achoimre ar fhorálacha an dlí toghcháin, srianta agus rialacha d'iarrthóirí.

Moladh 3:
Ba cheart go mbeadh socruithe oiriúnacha agus spás fisiciúil ag ionaid chomhairimh chun páipéir bhallóide a bhreithniú lena chinntiú go mbeidh an deis chéanna ag gach iarrthóir breathnú agus páirt a ghlacadh ann de réir mar is cuí.

Moladh 4:
An moladh PEER roimhe seo a chur i bhfeidhm chun reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal bhaill foirne agus chomhaltaí an Choimisiúin mar bhreathnóirí ar stáisiúin vótála ar lá na vótála, ionaid chomhairimh, agus ar chúraimí riaracháin a bhaineann le riar imeachta toghcháin.

Moladh 5:
Ba cheart do chinn chomhairimh fógra a thabhairt don Choimisiún Toghcháin faoi imeachtaí sceidealaithe riar toghchán ag an am céanna a chuireann siad fógra chuig na hiarrthóirí.

Moladh 6:
Roimh imeacht toghcháin, ba cheart do na hÚdaráis Áitiúla a chinntiú gurb é an figiúr toghlachta is ábhartha don toghchán sin an ceann a sholáthraítear don Cheann Comhairimh agus a úsáidtear chun an ráta vótála a ríomh, seachas an figiúr toghlachta ón scéim vótála iomlán a d'fhéadfadh a bheith níos mó.

Raon Feidhme PEER, Seicliosta agus Forbhreathnú ar Fhreastal

Tá an tAthbhreithniú i nDiaidh Imeacht Toghcháin (PEER) ina fhoilseachán lárnach don Choimisiún Toghcháin ina ról mar chomhlacht maoirseachta ar fheidhmeanna agus imeachtaí toghcháin, mar a shonraítear in alt 30 den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Is é seo an séú tuarascáil PEER ó mhí an Mhárta 2024. Tá torthaí na PEERanna ina gcuid de fhreagrachtaí an Choimisiúin chun taighde a dhéanamh ar phróisis toghcháin, comhairle a chur ar fáil don Rialtas, rannpháirteachas vótálaithe a chur chun cinn, agus caighdeáin a fheabhsú i riar toghchán agus clár na dtoghthóirí. Cabhraíonn na torthaí seo le fíor-eispéiris vótálaithe ar lá na vótála a nascadh le straitéis níos leithne an Choimisiúin chun córas toghcháin na hÉireann a neartú agus tacú leis.

Is príomhfhócas den PEER é lóistíocht oibríochtúil lá an toghcháin, chomh maith le béim fhoriomlán ar eispéiris vótálaithe ag céimeanna éagsúla den phróiseas toghcháin. Mar chuid den obair sin, rinneadh scrúdú ar cibé an raibh dóthain eolais faoin bpróiseas vótála ag vótálaithe, go háirithe iad siúd a raibh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu, agus ar tugadh dóthain cúnaimh dóibh ó thús deireadh an phróisis vótála, chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar an oiliúint agus na hacmhainní atá ar fáil do bhaill foirne agus d'oifigigh toghcháin.

I dtuarascálacha PEER roimhe seo, díríodh ar bhaill éagsúla den phobal vótála dár dtreorú trína n-eispéireas vótála, rud a chuir ar ár gcumas tuiscint dhíreach a fháil ar na céimeanna agus na dúshláin praiticiúla a d'fhéadfadh a bheith roimh na daoine seo agus iad ag caitheamh a vóta. De réir an dea-chleachtais idirnáisiúnta maidir le breathnóireacht toghchánaíochta, bhí baill foirne i láthair ag eisiúint an vóta poist agus ag vótáil speisialta le linn imeachtaí toghcháin roimhe seo. Táimid tar éis labhairt le daoine aonair ag gach leibhéal den phróiseas vótála, ó chinn chomhairimh go cléirigh vótála agus an pobal i gcoitinne, agus aiseolas a fháil uathu, faoin gcaoi a bhféadfaí feabhsuithe a dhéanamh ar na próisis. Léiríonn an anailís a cuireadh ar fáil tríd an PEER an chaoi ar féidir feabhsuithe a dhéanamh agus an chaoi a bhfuil feabhsuithe á ndéanamh i ngach timthriall toghchán.

Chomh maith le ceanglais thuarascálacha PEER mar atá leagtha síos in alt 68(3) d'Acht 2022, áirítear sa tuarascáil seo forbhreathnú freisin ar roinnt tionscnamh agus obair ábhartha a rinne an Coimisiún a bhain leis na corrthoghcháin seo. Léiríonn sé sin an chaoi ar athraigh ár gcuid oibre le himeacht ama. I bhfianaise a n-ábharthachta, thapaíomar an deis seo chun achoimre a thabhairt ar chuid de na réimsí sin. Rinneamar achoimre ar chuid den obair agus den taighde atá déanta ag an gCoimisiún i ndáil le cruinneas agus iomláine chláir na dtoghthóirí a choinníonn údaráis chlárúcháin, mar a shonraítear in alt 69 d'Acht 2022.

Rinneamar achoimre ar an obair atá curtha i gcrích chun tacú le cur i bhfeidhm na gceanglas maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhíriú Fógraíochta Polaitiúla, mar atá forordaithe i *Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Fógraíocht Pholaitiúil) 2025* (IR Uimh. 474 de 2025) agus lenar bunaíodh an creat náisiúnta dá gcur i bhfeidhm agus dá bhforfheidhmiú.

Ar deireadh, i gcomhréir le feidhm oideachais an Choimisiúin mar a luaitear in alt 67 d'Acht 2022, tá aird tarraingthe againn ar an tionscnamh píolótach rathúil greamán "Is Vótálaí mé" a ceapadh chun rannpháirteachas agus feasacht vótálaithe a chur chun cinn.

I gcás imeachtaí toghcháin eile roimhe seo, tá sonraí luachmhara bailithe againn ar eispéiris vótálaithe trínár Staidéar Náisiúnta Toghcháin agus Daonlathais (NEDS). An uair seo, i dteannta na gcorrthoghchán, rinneamar tionscadal taighde eimpíreach

uaillmhianach neamhspleách a dhíríonn go sonrach ar mhíniú a thabhairt ar an ráta vótála. Bhí suirbhéanna duine le duine le sampla ionadaíoch de vótálaithe incháilithe i mBaile Átha Cliath Láir agus i nGaillimh Thiar mar chuid den taighde (a rinneadh sna laethanta díreach i ndiaidh an chorrthoghcháin), agus grúpaí fócais ina dhiaidh sin. Tá sé mar aidhm leis tuiscint níos doimhne a fháil ar na míniúcháin atá ar rannpháirteachas agus staonadh ó vótáil agus léargas a bhailiú ar na cúinsí a bhaineann le neamhvótáil agus neamhvótáil rialta go háirithe. Foilseofar an taighde sin go luath in 2027.

Seicliosta

Tá an Seicliosta PEER ar cheann de na croí-uirlisí a úsáideann an Coimisiún Toghcháin chun imeachtaí toghcháin a mheasúnú. Is cáipéis teimpléid é an seicliosta a úsáideann foirne PEER chun a gcuid sonraí agus breathnóireachtaí a ghabháil le linn cuairteanna ar stáisiúin vótála. Forbraíodh an seicliosta trí mheascán de na dea-chleachtais idirnáisiúnta agus measúnú breathnóireachta toghchánaíochta lena chinntiú go léiríonn sé breithnithe inrochtaineachta agus cleachtais fhónta toghcháin araon. Áirítear air sin athbhreithniú ar mheasúnuithe a úsáideann an Ríocht Aontaithe, an Eastóin agus an Astráil chomh maith leis an Seicliosta Inrochtaineachta a d'fhorbair an Mheitheal um Vótáil Daoine faoi Mhíchumas faoi chathaoirleacht na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Léiríomar cuir chuige freisin ó theimpléid measúnaithe idirnáisiúnta le haghaidh breathnóireacht toghchánaíochta ar nós na bhfoirmeacha breathnóireachta ar lá an toghcháin ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus Cearta an Duine (ODIHR) de chuid na hEagraíochta le haghaidh Slándála agus Comhair san Eoraip (ESCE).

Déantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an seicliosta roimh gach toghchán lena chinntiú go bhfuil sé fós ábhartha agus go léirítear na cleachtais reatha ann. I gcásanna áirithe, féadfar ceisteanna ar leith a athbhreithniú, a bheachtú nó a bhaint go hiomlán, go háirithe mar fhreagairt ar thorthaí ó chás-staidéir a tugadh chun solais i dtuarascálacha PEER roimhe seo. Leis na nuashonruithe sin, is féidir leis an seicliosta forbairt mar fhreagairt ar thaithí phraiticiúil agus ar léargais atá ag teacht chun cinn ó bhreathnóireachtaí níos luaithe.

Ag an am céanna, tá béim láidir ar chomhsheasmhacht a choinneáil i bpríomhstruchtúr agus in ábhar an tseicliosta. Tá an chomhsheasmhacht sin tábhachtach mar go mbíonn an Coimisiún in ann príomhthráscairí a rianú agus torthaí a chur i gcomparáid le himeachtaí toghcháin éagsúla le himeacht ama dá barr. Trí go leor de na ceisteanna céanna a úsáid arís, is féidir dul chun cinn a thomhas, treochtaí a aithint, agus measúnú a dhéanamh ar cibé an bhfuil feabhsuithe i réimsí ar nós inrochtaineachta, comhlíonadh, agus thaithí iomlán an vótálaí ag eascairt as athruithe a rinneadh ar an bpróiseas toghcháin. Níor athraíodh an Seicliosta PEER ó Thoghchán an Uachtaráin i mí Dheireadh Fómhair 2025.

Tríd is tríd, ceapadh na ceisteanna chun faisnéis chomhsheasmhach a bhailiú faoin stáisiún vótála agus inrochtaineacht agus ag an am céanna chun a thaispeáint cé chomh maith agus a oibríonn an próiseas vótála i gcleachtas. Bíonn príomhchineálacha ceisteanna ginearálta ann tríd is tríd. Tá ceisteanna bunúsacha comhlíontachta ann trína ndearbhaítear an gcomhlíontar ceanglais riachtanacha, ar nós láithreacht foirne, ábhar, comharthaíochta, agus oibriú ginearálta an stáisiúin vótála.

Dírítear grúpa eile ceisteanna ar inrochtaineacht agus ionchuimsiú. Scrúdaítear leo sin chomh héasca is atá sé do gach vótálaí, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais

bhreise acu, rochtain a fháil ar an stáisiún vótála agus é a úsáid. Breathnaíonn siad ar cheisteanna ar nós rochtain fhisiciúil ar an bhfoirgneamh, leagan amach taobh istigh den stáisiún, infhaighteacht tacaíochtaí, agus cibé an féidir le vótálaithe bogadh tríd an bpróiseas go neamhspleách agus le dínit. Léiríonn sé sin an bhéim láidir i dtuarascálacha PEER ar rannpháirteachas a fheabhsú agus bacainní ar vótáil a bhaint.

Tá ceisteanna sa seicliosta freisin faoin gcaoi a gcuirtear nósanna imeachta i gcrích ar an lá de réir mar a bhreathnaíonn an fhoireann PEER orthu. Déanann na ceisteanna seo taifeadadh ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn baill foirne le vótálaithe, ar an gcaoi a mbainistítear an próiseas vótála, agus ar cibé an leantar nósanna imeachta cearta go comhsheasmhach, ar nós aitheantas vótálaithe a sheiceáil, páipéir bhallóide a eisiúint, agus rúndacht na ballóide a choinneáil.

Ar deireadh, tá spás ann do na foirne chun nóta a bhreacadh faoi cheisteanna agus tuairimí, imeachtaí neamhghnácha, nó samplaí dea-chleachtais, chun comhthéacs níos doimhne a thabhairt ná freagraí simplí ticbhosca. I dteannta a chéile, cinntíonn an raon ceisteanna seo go ngabhann an seicliosta comhlíontacht intomhaiste agus an taithí iarbhír ar vótáil ag stáisiúin vótála araon. Tá an seicliosta iomlán in Aguisín 1 a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Moltaí roimhe seo

Sa PEER do Thoghchán an Uachtaráin i mí Dheireadh Fómhair 2025, áiríodh ar na moltaí clárú vótálaithe tríd an saorphost a bheith ar fáil do gach toghthóir; treoir nuashonraithe maidir le próiseas aicmithe na bpáipéar ballóide neamhbhailí; agus athruithe riaracháin a bhain le caighdeánú agus formáidiú le haghaidh tuairisciú sonraí. Foilsíodh an tuarascáil sin ar an 23 Aibreán 2026 i gcomhréir leis an bhforáil reachtúil, an lá tar éis chinntiú lá na gcorrthoghchán. Dá bhrí sin, admhaítear nach raibh mórán ama ann chun na moltaí seo a chur i bhfeidhm ná machnamh a dhéanamh orthu sular cuireadh tús le hoibríochtaí corrthoghcháin don 22 Bealtaine 2026.

Is fiú a thabhairt faoi deara go raibh na timthriallta toghchán ó mhí an Mhárta 2024 thar a bheith dian, agus imeachtaí toghcháin ag tarlú go tapa i ndiaidh a chéile le dhá bhliain anuas. Is léir gur chuir an tréimhse leanúnach gníomhaíochta sin srian ar an deis chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí go léir a tarraingíodh anuas i dtuarascálacha PEER go dtí seo. Mar sin féin, agus sos sna himeachtaí toghcháin á thuar anois, tá deis luachmhar ann díriú ar ghníomhartha nár cuireadh i bhfeidhm go fóill agus aird chuí a thabhairt ar aon mholtaí atá fágtha.

Ós rud é gur tionscadal machnamhach fadtéarmach é an PEER, tá na moltaí uile a luadh roimhe seo fós bailí agus i bhfeidhm. Táimid ag súil lena gcur i bhfeidhm agus tá sé beartaithe againn athbhreithniú a dhéanamh ar a stádas sa tréimhse atá le teacht. Luafar aon athruithe dearfacha a thagann chun cinn in eagráin amach anseo den PEER.

Mar a luadh cheana i dtuarascálacha PEER d'Olltoghchán 2024 (a foilsíodh i mí an Mhárta 2025) agus do Thoghchán an Uachtaráin in 2025 (a foilsíodh i mí Aibreáin 2026), fáiltíonn an Coimisiún roimh thagairtí dár bhfreastal ar stáisiúin vótála sa 'Manual for Presiding Officers'. Mar sin féin, níl an t-athrú reachtaíochta a moladh roimhe seo chun ligean do bhaill foirne agus comhaltaí an Choimisiúin freastal ar gach imeacht toghcháin curtha i bhfeidhm fós. Tarraingíodh anuas an tsaincheist sin den chéad uair sa chéad PEER do na Reifrinn ar an Teaghlach agus Cúram, a foilsíodh i mí Mheán Fómhair 2024.

Tríd is tríd, ón tábla moltaí a áiríodh sa PEER do Thoghchán an Uachtaráin a foilsíodh i

mí Aibreáin 2026, tá níos mó ná 50% den 22 moladh curtha i bhfeidhm go hiomlán nó tá dul chun cinn á dhéanamh orthu faoi láthair mar chuid d'oibreacha leanúnacha. Áirítear leis sin feabhsuithe riaracháin ar nós treoir a fhoilsiú, agus foirmeacha agus próisis tuairiscithe a nuashonrú, chomh maith le roinnt beart chun tacú le rochtain agus inrochtaineacht vótálaithe.

Freastal

Déanann foirne PEER iarracht na dearcthaí agus na heispéiris iomadúla atá ag vótálaithe a ghabháil ar bhealach cuimsitheach agus éifeachtach. Ag leanúint ó chleachtais roimhe seo, d'iarramar freastal ar na himeachtaí toghcháin uile a tharla le linn an chorrthoghcháin seo trí chumarsáid leis na cinn chomhairimh agus a n-oifigigh. I bhfianaise mhéid iomlán chlár PEER, ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil arís leis an bhfoireann toghcháin a thacaigh leis an obair agus a d'éascaigh í. Bhí a gcuidiú thar a bheith luachmhar i gcomhthéacs na n-amlínte dochta a bhain leis na corrthoghcháin, agus bhí ról lárnach ag a solúbthacht agus a dtiomantas chun a chinntiú gur oibrigh an próiseas gan aon fhadhb.

Sular tugadh cuairt ar stáisiúin vótála, fuair foirne Choimisiún Toghcháin oiliúint inmheánach i mbreathnóireacht toghchánaíochta, mar aon le forbhreathnú ar na dea-chleachtais idirnáisiúnta ábhartha chun tacú lena gcuid oibre. I gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta, cuireadh foirne de bheirt chuig 42 stáisiún vótála; sannadh gach ceann den 21 stáisiún vótála i mBaile Átha Cliath Láir, chomh maith le 21 stáisiún i nGaillimh Thiar. Bhí comhaltaí agus baill foirne an Choimisiúin i láthair ag ionaid chomhairimh i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh i ndiaidh an toghcháin ar an 22 Bealtaine 2026.

Bhí moladh i dtuarascálacha PEER roimhe seo maidir le "reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal bhaill foirne agus chomhaltaí an Choimisiúin, i ról breathnóireachta, ar stáisiúin vótála ar lá na vótála agus le linn cúraimí riaracháin a bhaineann le riar imeachtaí toghcháin". I gcás na gcorrthoghchán, cé gur fhreastail baill foirne ar an oiread ócáidí vótála agus ab fhéidir, tá easpa na forála reachtúla sin tar éis srian a chur, i gcleachtas, ar ár gcumas freastal ar imeachtaí áirithe, go háirithe i gcás inar tugadh fógra gearr. Ba shuntasaí tionchar an mhéid sin le linn eisiúint vótaí poist agus na breathnóireachta ar vótáil speisialta agus tugtar breac-chuntas air sa chuid ábhartha thíos.

Bealaí PEER


Roghnú stáisiún vótála

Baile Átha Cliath

Thug scála i bhfad níos lú na gcorrthoghchán i gcomparáid le holltoghchán deis uathúil d'fhoirne PEER an Choimisiúin Toghcháin. Bhí limistéar geografach dháilcheantar Bhaile Átha Cliath Láir beag go leor chun go bhféadfadh na foirne cuairt a thabhairt ar gach ionad vótála lá an toghcháin. Roimhe seo, thug foirne PEER cuairt ar 12 ionad vótála i mBaile Átha Cliath Láir, le linn ceithre imeacht toghcháin, ó 2024 i leith. Dá bhrí sin, bhíomar in ann cuairt a thabhairt arís ar ionaid vótála agus aon athruithe, feabhsuithe nó gnéithe a bhí ina n-ábhar tráchtaireachta ar na foirmeacha PEER ón gcuairt roimhe sin a chur i gcomparáid. Déantar tagairt bhreise dó sin sa chuid faoi Anailís ar Shonraí.

De bharr na gcuairteanna ar gach ionad vótála i mBaile Átha Cliath Láir a bheith curtha i gcrích, tá bonnlíne bunaithe freisin ar féidir aon chuairteanna amach anseo ar stáisiúin vótála laistigh den dáilcheantar a mheas ina coinne. Cuirfidh sé sin ar chumas an Choimisiúin réimsí a shainaithint inar fheabhsaigh forbairtí an taithí vótála agus próisis toghcháin, toisc go soláthraítear creat chun dul chun cinn a thomhas i dtéarmaí chur i bhfeidhm na moltaí agus i dtéarmaí seachadadh tionscnamh agus feabhsuithe go háitiúil.

Stáisiúin vótála Bhaile Átha Cliath Láir ar tugadh cuairt orthu



An Ghaeltacht

Thug Corrthoghcháin 2026 deis uathúil don Choimisiún díriú níos mó ar sholáthar eolais agus seirbhísí i nGaeilge, i bhfianaise go bhfuil níos mó ná leath de chónaitheoirí Gaeltachta an Stáit ina gcónaí i nGaillimh Thiar, agus go bhfuil thart ar leath dá stáisiúin vótála suite i gceantair Ghaeltachta.


Chuireamar modúl breise ceisteanna faoi eolas agus seirbhísí i nGaeilge lenár seicliostaí PEER do na baill foirne a thug cuairt ar na stáisiúin Ghaeltachta sin. Chomh maith leis sin, rinneamar leasú ar ár seicliostaí PEER do na stáisiúin eile uile ar tugadh cuairt orthu le ceisteanna breise dírithe ar an nGaeilge, mar aitheantas ar cheart gach vótálaí a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge beag beann ar an áit ina gcónaíonn siad.

Thug an Coimisiún Toghcháin cuairt ar stáisiúin vótála Ghaeltachta mar chuid de gach PEER, 21 stáisiún san iomlán ar fud na seacht gcontae ina bhfuil ceantair Ghaeltachta. Rinneamar an cinneadh trí fhoireann de bheirt bhreathnóirí a labhraíonn Gaeilge, ó bhaill foirne an Choimisiúin, a sheoladh chuig deich stáisiún vótála sa Ghaeltacht: ceann amháin i ngach ceann de Limistéir Pleanála Teanga na Gaillimhe Thiar. Thug sé sin líon na gcuairteanna ar stáisiúin vótála sa Ghaeltacht a rinne an Coimisiún go 31, as 427 san iomlán i rith cúig lá vótála (7.3%, ag sonrú go bhfuil thart ar 2% de dhaonra na hÉireann ina gcónaí i gceantair Ghaeltachta).

As an 3,440 Toghroinn sa Stát, tá 155 acu suite go hiomlán nó go páirteach laistigh den Ghaeltacht[i]. Tá na toghranna sin lonnaithe i gCorcaigh, Ciarraí, Port Láirge, Gaillimh, Maigh Eo, Dún na nGall agus sa Mhí. Sainmhíniodh teorainneacha sonracha na Gaeltachta le hOrduithe na Limistéar Gaeltachta in 1956, 1967, 1974 agus 1982.

Tá 26 toghroinn i nGaillimh suite go hiomlán laistigh den Ghaeltacht, agus tá bailte fearainn a bhfuil stádas Gaeltachta acu in 11 toghroinn eile: tá siad ar fad laistigh de dháilcheantar na Gaillimhe Thiar. Clúdaíonn Gaeltacht na Gaillimhe achar 1,225km^2, timpeall 26% d'achar talún iomlán na Gaeltachta[ii]. Tá 54,183 duine ina gcónaí i nGaeltacht na Gaillimhe (Daonáireamh 2022), os cionn 51% de dhaonra iomlán Gaeltachta an Stáit. Tháinig méadú ar dhaonra Ghaeltacht na Gaillimhe sa dá Dhaonáireamh dheireanacha.

Foráiltear creat reachtúil do phleanáil teanga na Gaeilge sa Stát in *Acht na Gaeltacht 2012*. Chuige sin, roinntear an Ghaeltacht ina Limistéir Pleanála Teanga (LPTanna) san Acht. Tá deich gcinn den 26 LPT lonnaithe i nGaillimh (tá LPT Dhúiche Sheoigheach




agus Thuar Mhic Éadaigh ar an teorainn idir Gaillimh agus Maigh Eo). Ghlac an Coimisiún an cinneadh breathnóireacht a dhéanamh ag stáisiún vótála i ngach ceann de na LPTanna sin ar lá na vótála, lena chinntiú gur léiríodh gach ceantar Gaeltachta inár dtorthaí. Athraíonn forleithne na Gaeilge inniu go suntasach ó cheantar go ceantar i nGaillimh, idir na rátaí is airde agus na rátaí is ísle de líofacht agus úsáid laethúil na Gaeilge i measc LPTanna na tíre.

Maidir leis na lonnaíochtaí aonair ina bhfuil an fhorleithne is airde cainteoirí laethúla Gaeilge, bhí trí bhaile i nGaillimh i measc na ndeich mbaile is airde i nDaonáireamh 2022: roinn an Cheathrú Rua san LPT den ainm céanna an chéad áit (69%), bhí Cill Rónáin ar Oileáin Árann sa seachtú háit (58%), agus bhí an Spidéal i gCois Fharraige sa naoú háit (49%). Thug an Coimisiún cuairt ar an gCeathrú Rua agus ar Chill Rónáin ar lá na vótála.

Tá Cathair na Gaillimhe agus an Clochán ainmnithe mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta faoi fhorálacha Acht 2012 freisin, d'ainneoin go bhfuil siad suite lasmuigh (nó i gcás Chathair na Gaillimhe, lasmuigh den chuid is mó) den Ghaeltacht. Thug an Coimisiún cuairt ar an dá Bhaile Seirbhíse Gaeltachta ar lá na vótála.

Limistéar Pleanála Teanga	% Cainteoirí Gaeilge	% Cainteoirí Laethúla[iii]
Ceantar na nOileán	**95**	**62**
An Cheathrú Rua	**90**	**58**
Oileáin Árann	**85**	**57**
Conamara Láir	**85**	**50**
Cois Fharraige	**82**	**43**
Dúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh	**65**	**11**
Maigh Cuillinn	**63**	**6**
Bearna agus Cnoc na Cathrach	**58**	**5**
An tEachréidh	**54**	**2**
Oirthear Chathair na Gaillimhe	**44**	**3**
Éire	**40**	**1.4**

Stáisiúin vótála na Gaillimhe Thiar ar tugadh cuairt orthu



Cás-Staidéar: Eolas agus Seirbhísí i nGaeilge

> *Is ceart tábhachtach teanga é go mbeadh pobal na Gaeilge in ann an Ghaeilge a úsáid agus go ndéanfaí freastal cóir air ina rogha teanga agus é ag feidhmiú a chirt dhaonlathaigh le linn toghchán agus reifreann.*[iv]

Rialacháin agus Treoirlínte


Rialaíonn *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* (arna leasú) agus rialacháin ghaolmhara soláthar seirbhísí Gaeilge ag comhlachtaí poiblí, chun infhaighteacht seirbhísí Gaeilge a chinntiú agus a fheabhsú ar fud an Stáit, le soláthar feabhsaithe do cheantair Ghaeltachta. Neartaíodh an reachtaíocht sin tuilleadh le h*Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021*.

Tá an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus údaráis áitiúla faoi réir fhorálacha an Achta, agus dá bhrí sin tá réimsí ar nós chlár na dtoghthóirí agus cártaí faisnéise vótaíochta faoi réir rialacháin an Achta. Mar sin féin, **níl** cinn chomhairimh, a bhíonn i gceannas ar chomharthaíocht toghcháin, fógraí poiblí agus cúrsaí foirne ina ndáilcheantair, forordaithe mar chomhlachtaí poiblí faoin Acht, agus tá siad neamhspleách i gcomhlíonadh a ndualgas de réir an *Achta Toghcháin, 1992*.

Luaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina *Meabhrán lena dTugtar Treoir do Chinn Chomhairimh* gur cheart go mbeadh an chomharthaíocht oifigiúil ar fad agus fógraí poiblí ag stáisiúin vótála dátheangach. Luadh freisin sa Mheabhrán gur cheart go mbeadh an chomharthaíocht agus na fógraí ar fad ag stáisiúin vótála sa Ghaeltacht i nGaeilge amháin, agus gur cheart go mbeadh gach oifigeach ceannais speisialta, oifigeach ceannais agus cléireach vótála a cheapfar chuig stáisiúin vótála sa Ghaeltacht inniúil chun a ndualgais a chomhlíonadh i nGaeilge. Ní raibh baint aige sin ach le corrthoghchán na Gaillimhe Thiar, mar nach bhfuil aon cheantair Ghaeltachta i mBaile Átha Cliath Láir.

I bhfianaise gearán a rinne baill den phobal ag imeachtaí toghcháin i ndiaidh a chéile agus *"na mbearnaí... sa bhfreastal atáthar a dhéanamh ar phobal na Gaeilge"*, tá an cheist maidir le cinn chomhairimh a fhorordú ar sceideal na gcomhlachtaí

Gaillimh, Gaillimh Thiar agus Limistéir Pleanála Teanga (LPTanna) na Gaillimhe



*Clúdaíonn Limistéar Pleanála Teanga Dúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh codanna de Ghaillimh agus de Mhaigh Eo.

poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla d'imeachtaí toghcháin amach anseo tarraingthe anuas ag an gCoimisinéir Teanga leis an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta[v]. Bhí an fhoireann PEER i dteagmháil le hOifig an Choimisinéara Teanga agus an cás-staidéar seo á ullmhú, agus ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an gCoimisinéir agus lena fhoireann as comhoibriú linn.

Comharthaíocht agus Fógraí Poiblí

Sonraítear in *Acht na dTeangacha Oifigiúla* go gcaithfidh comharthaíocht a chuireann comhlacht poiblí in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann in aon áit sa Stát a bheith ar taispeáint i nGaeilge agus i mBéarla araon, nó i nGaeilge amháin. I gcás na comharthaíochta dátheangaí:

(a) beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,
(b) beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla,
(c) ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla,
(d) maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl, agus
(e) ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

Mar atá thuasluaite, cuireadh na forálacha sin san áireamh sa *Mheabhrán lena dTugtar Treoir do Chinn Chomhairimh*, d'ainneoin nach bhfuil cinn chomhairimh forordaithe faoin reachtaíocht teanga faoi láthair.

Agus muid i mbun breathnóireachta ar lá na vótála, tugadh aird ar chomharthaíocht oifigiúil a cuireadh ag an mbealach isteach agus ar an mbealach chuig gach ceann den 42 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu, mar a rinneadh i gcás na PEERanna roimhe seo. An uair seo, tugadh aird ar leith freisin ar an teanga nó na teangacha a bhí le feiceáil ar na comharthaí sin.


I mBaile Átha Cliath Láir, bhí an chomharthaíocht ar fad a breathnaíodh ar an mbealach chuig agus ag an mbealach isteach chuig 19 de 21 stáisiún vótála an dáilcheantair i gcomhréir leis na treoirlínte maidir le comharthaíocht dhátheangach. Ag stáisiún eile, bhí an chomharthaíocht ar fad dátheangach, ach ní raibh an téacs Gaeilge i gcónaí os cionn an téacs Béarla ná chomh feiceálach leis. Ní fhacthas sampla de chomharthaíocht i mBéarla amháin ach ag stáisiún amháin. Molaimid obair Cheann Comhairimh Bhaile Átha Cliath Láir agus a fhoireann chun a chinntiú gur cloíodh den chuid is mó le treoirlínte faoi chomharthaíocht i nGaeilge sa toghchán seo.



Físor A

I stáisiúin **lasmuigh** den Ghaeltacht i nGaillimh Thiar, bhí an chomharthaíocht oifigiúil ar fad a breathnaíodh dátheangach agus bhí an téacs Gaeilge chomh mór agus chomh feiceálach leis an téacs Béarla, ach i gcás amháin ní raibh an téacs Gaeilge os cionn an téacs Béarla. Anuas air sin, ní raibh treochomharthaíocht lasmuigh d'aon cheann de na stáisiúin le taispeáint cá raibh an bealach isteach, agus ní raibh fógra ag an mbealach isteach ag roinnt stáisiún le léiriú gur stáisiún vótála a bhí ann.

Luaimid, fiú dá bhforordófaí cinn chomhairimh faoin Acht, nach gcuireann an tAcht iallach ar chomhlachtaí poiblí comharthaíocht a chuireann an téacs Béarla os cionn an téacs Gaeilge a leasú, fad is atá an chomharthaíocht i gcomhréir le forálacha an Achta ar gach slí eile. Mar sin féin, ba cheart cuimhneamh ar na rialacháin sin agus comharthaíocht toghcháin á táirgeadh amach anseo.



Fíor B


I gcás na ndeich stáisiún vótála sa Ghaeltacht ar tugadh cuairt orthu, bhí an chuid is mó den chomharthaíocht a breathnaíodh dátheangach seachas i nGaeilge amháin, a thagann salach ar an treoir a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Mar a bhí i gcás na stáisiún eile i nGaillimh Thiar, bhí an téacs Gaeilge chomh feiceálach leis an téacs Béarla go hiondúil, ach ní raibh sé os cionn an téacs Béarla (fíoracha A agus B). In dhá chás, chuir foireann na stáisiún vótála chuige chun comharthaíocht bhreise i nGaeilge amháin a chur in aice leis an mbealach isteach (féach fíoracha C agus D). Tá na hiarrachtaí sin le moladh.



Fíor C

Cé go luaimid nach raibh formhór na comharthaíochta sin ag teacht le treoirlínte na Roinne do cheantair Ghaeltachta mar go raibh Béarla orthu freisin, aithnímid freisin ó thaobh na hinrochtaineachta de go bhféadfadh vótálaithe áirithe atá ina gcónaí sa Ghaeltacht a mhothú, ar bhealach intuigthe, go mbainfidís tairbhe as comharthaíocht dhátheangach seachas comharthaíocht i nGaeilge amháin. D'fhéadfadh sé sin a bheith ábhartha go háirithe i gceantair nach í an Ghaeilge príomhtheanga an phobail a thuilleadh, cé go luaimid go dtugtar an stádas céanna faoin dlí do gach ceantar Gaeltachta beag beann ar úsáid reatha na teanga laistigh de phobail.

Ag an 42 stáisiún vótála ar tugadh cuairt orthu ar fud an dá dháilcheantar, bhí na póstaeir maidir le *Cionta Toghcháin agus Fianaise ar Chéannacht* ar taispeáint, agus bhí *Fógra faoi Pháipéar Ballóide* i gcló mór ar taispeáint i ngach stáisiún seachas ceann amháin. Bhí na fógraí sin ar fad i bhformáid chaighdeánach dhátheangach (lena n-áirítear sa Ghaeltacht), seachas i stáisiún vótála amháin sa Ghaeltacht inar filleadh fógraí laistigh den seomra féin sa chaoi is nach raibh ach an téacs Gaeilge le feiceáil.



Fíor D

Limistéar Pleanála Teanga	% de na vótálaithe a breathnaíodh ag labhairt Gaeilge sa stáisiún vótála
Conamara Láir	100
Oileáin Árann	100
An Cheathrú Rua	90
Cois Fharraige	90
Ceantar na nOileán	80
An tEachréidh	0
Bearna agus Cnoc na Cathrach	0
Dúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh	0
Maigh Cuillinn	0
Oirthear Chathair na Gaillimhe	0

Úsáid na Gaeilge i Stáisiúin Vótála

Agus iad i mbun breathnóireachta ag stáisiúin vótála sa Ghaeltacht, d'fhiafraigh na beirteanna breathnóirí faoi infhaighteacht seirbhísí Gaeilge do vótálaithe, ag an deasc/na deasca ag a raibh baill foirne an Choimisiúin ag breathnú ar an bpróiseas vótála. Bhreathnaigh na beirteanna freisin ar úsáid na Gaeilge i measc toghthóirí a chaith a vóta le linn na tréimhse thart ar 30 nóiméad a caitheadh ag gach stáisiún, chun breathnú ar sholáthar seirbhísí Gaeilge ar an láthair.

Ag teacht leis na figiúirí Daonáirimh atá liostaithe ar leathanach 15, tháinig difríochtaí soiléire chun cinn idir LPTanna i dtéarmaí úsáid na Gaeilge i measc vótálaithe i stáisiúin vótála. Cé nach tomhas cinntitheach é sin ar fhorleithne na Gaeilge sna pobail sin ar chor ar bith, tugann sé léargas éigin ar na háiteanna is mó a mbaintear leas as seirbhísí Gaeilge i stáisiúin vótála na Gaillimhe Thiar. Creideann an Coimisiún gur cheart go mbeadh sé de cheart ag gach toghthóir vótáil ina rogha teanga féin, Gaeilge nó Béarla, agus tugann na figiúirí sin le fios go bhfuil éileamh suntasach ar sheirbhísí Gaeilge i roinnt ceantar sa dáilcheantar seo.

Is suntasach gurbh iad na cúig LPT a thuairiscigh na rátaí is airde inniúlachta Gaeilge i nDaonáireamh 2022, agus cainteoirí laethúla Gaeilge, na cúig LPT chéanna inar labhair formhór (agus i gcásanna áirithe na vótálaithe uile) a breathnaíodh Gaeilge sa stáisiún vótála.

Sna cúig stáisiún vótála sin, bhí an t-oifigeach ceannais agus an cléireach vótála araon ina gcainteoirí líofa Gaeilge agus d'éascaigh siad an próiseas vótála do thoghthóirí a raibh Gaeilge acu go réidh. B'ábhar misnigh do bheirteanna breathnóirí an Choimisiúin an éascaíocht agus an compord lenar cuireadh ar chumas toghthóirí a gceart vótála a fheidhmiú trí Gaeilge sna stáisiúin sin, rud atá ina fhianaise ar ghairmiúlacht agus ar scileanna na foirne toghcháin. Ba mhaith linn moladh a thabhairt do na baill foirne sin, agus don Cheann Comhairimh i nGaillimh Thiar, as ucht a chinntiú go bhféadfadh na

vótálaithe sin vótáil sa teanga is rogha leo. Sna cúig stáisiún vótála eile sa Ghaeltacht, níor breathnaíodh aon vótálaithe ag labhairt Gaeilge: cé gur luaigh baill foirne i roinnt stáisiún go bhfaca siad vótálaithe ag labhairt Gaeilge níos luaithe ar lá na vótála. I gceann de na stáisiúin sin, thuairiscigh an bheirt bhall foirne ag an deasc a breathnaíodh gur cainteoirí Gaeilge iad. I dtrí stáisiún, thuairiscigh roinnt baill foirne nach raibh siad in ann Gaeilge a labhairt, ach bhí ball foirne amháin ar a laghad a bhí inniúil sa Ghaeilge i láthair chun cabhrú le haon vótálaithe a raibh Gaeilge acu. I stáisiún amháin, ní raibh foireann breathnóirí an Choimisiúin in ann ball foirne a labhair Gaeilge a aimsiú tráth a gcuairte. Tharraingíomar aird air sin leis an gceann comhairimh.

Tríd is tríd, leag an cás-staidéar seo béim ar obair inmholta an chinn comhairimh agus a foirne chun cearta vótála cainteoirí Gaeilge a éascú. Cé gur beag easnamh a sainaithníodh sa chás-staidéar seo ina leith sin, ba mhaith linn an deis seo a thapú chun a thábhachtaí atá sé go mbeadh an rogha ag gach cónaitheoir sa Ghaeltacht a ngnó a dhéanamh i nGaeilge a athdhearbhú.

Imeachtaí Toghcháin Amach Anseo

Mar atá thuasluaite, luann an Coimisiún nach bhfuil sé de dhualgas ar chinn chomhairimh cloí le forálacha *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003* faoi láthair, fiú i gceantair Ghaeltachta.

Ag teacht leis an reachtaíocht teanga, mar aitheantas ar an treoir atá tugtha ag an roinn do na cinn chomhairimh, agus chun cearta cainteoirí Gaeilge agus cónaitheoirí Gaeltachta ar fud na tíre a chosaint, molann an Coimisiún go gcloífí leis na forálacha atá leagtha amach sa reachtaíocht teanga maidir le comharthaíocht agus seirbhísí Gaeilge ag gach imeacht toghcháin amach anseo.

Chuige sin, molaimid don Rialtas smaoineamh ar chinn chomhairimh a fhorordú mar chomhlachtaí poiblí faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*. Molaimid go ndéanfaí gach iarracht cloí le forálacha na reachtaíochta teanga ag imeachtaí toghcháin amach anseo, lena n-áirítear ag daoine nach bhfuil forordaithe faoin Acht.

Moladh 1:
A chinntiú go gcomhlíontar na forálacha atá leagtha amach sa reachtaíocht teanga maidir le comharthaíocht agus seirbhísí i nGaeilge ag gach imeacht toghcháin amach anseo trí chinn chomhairimh a fhorordú mar chomhlachtaí poiblí faoi *Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003*.



Marian Chambers Higgins, Ceann Comhairimh do Ghaillimh Thiar agus a foireann comhairimh i gClub Leadóige Léana na Gaillimhe – Grianghraf arna sholáthar ag Susan Mahon.

Anailís ar Shonraí

Comparáid Bhaile Átha Cliath

Mar a pléadh cheana, chruthaigh an corrthoghchán seo deis as an ngnáth filleadh ar ionaid vótála i mBaile Átha Cliath Láir ar thug ár bhfoirne cuairt orthu roimhe seo le linn imeachtaí toghcháin eile. As an 21 ionad vótála i mBaile Átha Cliath Láir, bhí foirne PEER tar éis cuairt a thabhairt ar 12 díobh roimhe seo. Bhíomar in ann nóta a dhéanamh de na hathruithe agus na feabhsuithe a chuir foireann na stáisiún vótála i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na hábhair imní a luaigh foirne PEER roimhe seo.

I gceithre cinn as an 12 shuíomh, luadh easpa páirceála inrochtana le linn imeachtaí toghcháin roimhe seo. Nuair a tháinig foirne PEER ar ais le haghaidh na gcorrthoghchán, bhí spásanna páirceála sannta ann nó comharthaí curtha in airde chun spás a chur in áirithe do vótálaithe faoi mhíchumas.

Tuairiscíodh feabhsuithe freisin ar inrochtaineacht an leagain amach inmheánaigh i dtrí shuíomh ar a laghad inar luadh roimhe seo go bhféadfadh fadhb a bheith leis an leagan amach, le hathruithe ar dháileadh na ndeasc vótála nó feabhsuithe ar láithreacha bealaigh isteach agus rampaí inrochtana.

Ba mhaith linn moladh a thabhairt don cheann comhairimh agus don fhoireann as na feabhsuithe sin a breathnaíodh.

Bonneagar inrochtaineachta

Luaitear go sainráite in alt 94 den *Acht Toghcháin, 1992*, arna leasú in 1996, go gcaithfidh foirgnimh a úsáidtear le haghaidh stáisiúin vótála a bheith inrochtana ag daoine a úsáideann cathaoireacha rothaí. Mar ar tarraingíodh aird air go stairiúil agus don chorrthoghchán seo, tá formhór mór na stáisiún vótála ag cloí leis an gceanglas sin. Mar sin féin, tá go leor gnéithe ag baint leis an inrochtaineacht (a bhfuil iarracht déanta againn a léiriú sa seicliosta) amhail bealaí isteach, leagan amach inmheánach, páirceáil agus araile. Braitheann leibhéal foriomlán inrochtaineachta stáisiúin vótála ar an gcaoi a n-éiríonn leis i gcás na dtáscairí sin ar fad. D'fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain ar roinnt stáisiúin vótála mar gheall ar easnamh mór i gceann de na réimsí sin, agus d'fhéadfadh easnamh níos lú a bheith i roinnt réimsí i stáisiúin vótála eile agus tionchar diúltach carnach acu sin ar an inrochtaineacht.

As an 42 stáisiún vótála, bhí príomhbhealach isteach ag sé cinn (15%) a raibh deacrachtaí inrochtaineachta mar thoradh air. Astu sin, chuir dhá stáisiún vótála bealaí isteach inrochtana malartacha ar fáil; laghdaíonn sé sin go ceithre (10%) stáisiún vótála ina raibh imní ar ár bhfoirne PEER maidir le hinrochtaineacht mar gheall ar an mbealach isteach. I gcás an bhonneagair inrochtaineachta, bhí rampa inrochtaineachta i láthair ag 34 (81%) de na stáisiúin vótála, agus as na hocht (19%) stáisiún vótála nach raibh rampa iontu, bhí bealach isteach cothrom ag sé cinn ina áit sin. Measadh nach raibh dhá stáisiún vótála inrochtana gan cúnamh breise mar gheall ar easpa rampa oiriúnach. Ag sé (15%) stáisiún vótála, thuairiscigh breathnóirí deacrachtaí inrochtaineachta a bhain leis an leagan amach inmheánach, agus ba é an phríomhchúis leis na deacrachtaí sin ná spás inmheánach teoranta agus imní maidir le príobháideachas nuair a bhí líon ard daoine ag vótáil. Cé go bhféadfadh vótálaithe faoi mhíchumas rochtain a fháil ar shaoráidí vótála go teicniúil, d'fhéadfadh deacrachtaí nó moilleanna a bheith mar thoradh ar na dálaí sin.

Maidir le vótáil inrochtana go sonrach, tuairiscíodh saoráid vótála íseal-leibhéil ag 41 (98%) stáisiún vótála. Ag ceithre (10%) stáisiún vótála, ba dheasc le scáthlán príobháideachais/i limistéar príobháideach a bhí ann, agus ag 37 b'urrann vótála íseal-leibhéil a bhí ann. Ní raibh aon saoráidí vótála íseal-leibhéil i stáisiún amháin. Fáiltíonn an Coimisiún roimh



an gcomhlíontacht láidir ar an iomlán le ceanglais inrochtaineachta ag stáisiúin vótála agus luann sé go bhféadfadh leathadh amach leanúnach urrann vótála nua-aimseartha tacú le comhlíonadh iomlán a bhaint amach.

Luadh go raibh spásanna beaga nó teanna i gcuid de na stáisiúin vótála, mar sin cé nach raibh siad dorochtana, b'fhéidir go mbeadh sé deacair do chúpla duine faoi mhíchumas nó i gcathaoireacha rothaí vótáil ag an am céanna. Tá sé sin thar a bheith ábhartha i bhfianaise go n-eagraíonn roinnt eagraíochtaí cathaoireacha rothaí ar nós Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann (IWA) iompar grúpa do na baill chun cabhrú leo vótáil. I measc na saincheisteanna eile a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar vótálaithe, bhí boscaí ballóide ardaithe a d'fhéadfadh a bheith deacair d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí an sliotán a úsáid. Luadh go raibh fána ghéar ar chuid de na rampaí sealadacha nó go raibh imeall orthu le dul tharstu, agus go mb'fhéidir go mbeadh cúnamh breise ag teastáil dá bharr. Ba cheart a lua freisin gur bhreathnaigh foirne PEER i gcásanna áirithe ar bhaill foirne stáisiúin vótála ag soláthar an chúnaimh bhreise sin nuair ab fhéidir, ach d'fhéadfadh moilleanna a bheith mar thoradh air sin le linn tréimhsí gnóthacha. Mar gheall ar shuíomh roinnt de na stáisiúin, bhí fadhb páirceála agus easpa saoráidí ann go háirithe i mBaile Átha Cliath Láir.

Ina n-aonar, d'fhéadfadh tionchar teoranta a bheith ag na saincheisteanna sin ar inrochtaineacht fhoriomlán agus ní chuirfidís cosc, astu féin, ar vótálaithe rochtain a fháil ar an stáisiún vótála ná é a úsáid. Ach, agus vótálaithe ag dul thart ar an timpeallacht vótála, d'fhéadfadh sraith constaicí beaga inrochtaineacht a laghdú le chéile, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chompord, neamhspleáchas agus éascaíocht rannpháirteachais dóibh siúd a bhfuil riachtanais rochtana bhreise acu.

Áiseanna vótála le haghaidh toghthóirí faoi mhíchumas

Bhí teimpléad páipéir ballóide (BPT) ar fáil lena úsáid ag gach stáisiún vótála. Níor breathnaíodh ar vótáil le húsáid an BPT le linn an athbhreithnithe, ach cuireadh in iúl do bhreathnóirí gur baineadh úsáid as an BPT ag stáisiún vótála amháin i mBaile Átha Cliath Láir. Níor breathnaíodh ar dhaoine a raibh míchumais intleachtúla, foghlama, chéadfacha nó forbartha orthu ag vótáil le linn an athbhreithnithe agus níor breathnaíodh ar vótáil le cúnamh ó chompánach.

Torthaí Breise

Maidir le faisnéis faoin bpróiseas vótála, bhí na póstaeir maidir le *Cionta Toghcháin agus Fianaise ar Chéannacht* i láthair ag gach stáisiún vótála; is cosúil, áfach, nach raibh an páipéar ballóide i gcló mór i láthair ag stáisiún vótála amháin. Ag gach ceann den 41 stáisiún vótála inar breathnaíodh ar an vótáil, cuireadh an marc oifigiúil ar na páipéir bhallóide agus marcáladh na toghthóirí den chlár. Níor bhreathnaigh na foirne PEER ar an vótáil ar an lá ag an stáisiún vótála atá fágtha.

Moltar i dtreoir a d'eisigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta d'oifigigh cheannais cáipéisí céannachta a iarraidh ar dhuine as gach ceathrar vótálaithe. Ag 29 stáisiún vótála (69% den 41 inar breathnaíodh ar vótáil), iarradh fianaise ar aitheantas ar vótálaithe le linn na cuairte. Níor breathnaíodh ach ceithre cinn (40%) de na deich stáisiún vótála sna ceantair Ghaeltachta ag iarraidh fianaise ar aitheantas ar vótálaithe.

Thuigfí go bhféadfadh leisce a bheith ann aitheantas a iarraidh i gcás ina bhfuil aithne mhaith ag baill foirne vótála ar thoghthóirí agus go háirithe i gceantair níos tuaithe, ach tá sé tábhachtach go mbeadh comhsheasmhacht ann go náisiúnta i gcur i bhfeidhm na dtreoirlínte.

Is féidir tábla iomlán de na torthaí staitistiúla ó sheicliosta PEER a fháil in Aguisín 2.

Léargais PEER

Anuas ar na torthaí staitistiúla a gabhadh tríd an seicliosta PEER, tugtar spás do na foirne freisin chun tuairimí, breathnóireachtaí agus aiseolas breise a roinnt faoina dtaithí ag na hionaid vótála. Tugann na léargais sin comhthéacs breise don taithí vótála agus tarraingíonn siad aird ar réimsí nach léirítear go hiomlán sna sonraí cainníochtúla. Tá achoimre ar chuid de na tuairimí agus na breathnóireachtaí sin thíos.

Príobháideachas agus Toghchánaíocht

Tuairiscíodh saincheisteanna a bhain le príobháideachas i dtrí stáisiún vótála ar a laghad, áit a raibh daoine ag úsáid fóin phóca, ina raibh roinnt daoine i mbotháin, nó ina raibh siad ag plé cén vóta a chaithfí. I gcásanna ar leithligh ag dhá shuíomh, cuireadh in iúl do bhreathnóirí go raibh duine neamhúdaraithe ag déanamh fístaifeadadh lasmuigh den stáisiún agus ag taifeadadh vótálaithe ag dul isteach sa stáisiún vótála. Bhí baill den phobal tar éis an Garda Síochána a chur ar an eolas faoin ábhar sin cheana féin, faoin am ar tháinig ár bhfoirne PEER, agus bhí an duine sin tar éis bogadh ar aghaidh gan aon chur isteach eile.

Foráiltear le halt 147 den *Acht Toghcháin, 1992* nár ceart póstaeir thoghcháin a bheith ar thalamh an stáisiúin vótála ná laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste an stáisiúin vótála. Mar sin féin, thaifead foirne PEER 12 chás nó 29% de na suíomhanna vótála ar fud an dá dáilcheantar a raibh póstaeir iontu nach raibh ag cloí leis sin. Molaimid an Ceann Comhairimh i mBaile Átha Cliath Láir as comhordú a dhéanamh ar bhaint póstaer a sháraigh na forálacha sin agus thacóimid le tuilleadh soiléirithe agus cumarsáide maidir leis an bhfreagracht as comhlíonadh a fhorfheidhmiú. Ina theannta sin, luaigh na foirne go raibh cineálacha malartacha canbhasála ag cúig shuíomh vótála nó 12% de na hionaid ar fud an dá dháilcheantar, agus tuairiscíodh canbhasálaithe ag stáisiún vótála amháin laistigh den chúirtealáiste.

Fógraíodh íomhánna feachtasaíochta agus stionsail d'iarrthóir corrthoghcháin a spraeáladh ar an talamh, go minic díreach lasmuigh de stáisiúin vótála i mBaile Átha Cliath Láir. I roinnt suíomhanna, chomhordaigh an ceann comhairimh leis an nGarda Síochána agus leis na húdaráis áitiúla chun maoirseacht a dhéanamh ar a mbaint.

I bhfianaise na n-eachtraí sin, luann an Coimisiún a thábhachtaí atá sé go gcuirfí eolas críochnúil ar fáil do na hiarrthóirí uile agus dá ngníomhairí maidir le comhlíonadh toghcháin. Molaimid go n-áireofaí pacáistí faisnéise nó naisc dhíreacha chuig comhlíonadh treorach i bhfógraí d'iarrthóirí chun an fhéidearthacht a laghdú go sáródh iarrthóir srianta an *Achta Toghcháin* i ngan fhios dóibh.

Moladh 2:
Ba cheart don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta *Meabhrán lena dTugtar Treoir d'Iarrthóirí* a fhoilsiú nó a dháileadh, ina leagtar amach agus ina ndéantar achoimre ar fhorálacha an dlí toghcháin, srianta agus rialacha d'iarrthóirí.

Riarachán

Luaigh baill foirne i roinnt stáisiún go gcabhródh póstaeir bhreise, lena n-áirítear fógraí a chuir cosc ar úsáid fón póca i mbotháin vótála agus comharthaí a thug treoir ghinearálta maidir le riar na ballóide. Luaigh roinnt baill foirne go raibh roinnt míreanna beaga stáiseanóireachta ar iarraidh nó nach raibh siad san áireamh, ach go ndéanfaidís an próiseas níos éasca, ar nós siosúr nó rialóirí.

Bhí aiseolas suntasach ó fhoirne na stáisiún faoin uirlis stampála nua. Cuireadh in iúl dúinn roimhe seo go raibh gá le hathrú ar an stampa mar gheall ar dhúshláin a bhain leis na leaganacha roimhe seo a chothabháil agus a athsholáthar. Tuigtear dúinn go raibh comhairliúchán agus rannpháirtíocht ar siúl le cinn chomhairimh agus cinneadh á dhéanamh an stampa nua a thabhairt isteach. Mar a luadh in PEER Thoghchán an Uachtaráin in 2025, tharla triail d'uirlis stampála nua i gCorcaigh Thiar Theas agus i gCorcaigh Thuaidh-Lár le linn an toghcháin sin. Ag an am, thug roinnt aiseolais le fios nach raibh an cabhradh chomh suntasach le poll ar an bpáipéar ballóide; ach bhí freagra dearfach ann ar an iomlán mar sin féin.

Ní raibh an t-aiseolas ó bhaill foirne vótála ar na huirlisí stampála nua chomh dearfach céanna le linn na dtoghchán seo. Thug roinnt le fios nach raibh an marc chomh soiléir leis na huirlisí roimhe seo. Luaigh cuid acu go raibh na huirlisí féin ag greamú nó deacair le húsáid, rud a chuir moill ar an bpróiseas. Luaigh an fhoireann ag an gcomhaireamh an infheictheacht freisin. Tá infheictheacht an mhairc ábhartha freisin maidir le breithniú a dhéanamh ar vótaí millte. Ós rud é nach bhfuil cead ach ag baill foirne údaraithe comhairimh ballóidí a láimhseáil, d'fhéadfadh sé a bheith deacair d'iarrthóirí agus dá ngníomhairí, atá ag breathnú ó chian, fíorú an mhairc cabhartha a mheas.

Is minic a bhíonn dúshláin ann nuair a bhíonn athrú á chur i bhfeidhm agus is féidir gur mar thoradh ar an aistriú chuig an uirlis stampála nua a tharla cuid de na fadhbanna, cé gur chuir an ceann comhairimh físeán oiliúna ar fáil chun cabhrú le foireann vótála an stampa nua a úsáid i gceart.

Le himeacht aimsire, d'fhéadfadh na fadhbanna a tarraingíodh anuas laghdú de réir mar a bheidh úsáideoirí ag éirí níos eolaí ar na huirlisí nua. Mar sin féin, moltar go gcoimeádfaí feidhmíocht na n-uirlisí nua faoi athbhreithniú agus go mbreithneofaí feabhsuithe agus nuálaíochtaí féideartha agus dea-chleachtas i dtíortha eile á gcur san áireamh.

Vóta Neamhbhailí

Luadh sa tuarascáil PEER do Thoghchán an Uachtaráin i mí Dheireadh Fómhair 2025 go raibh céatadán níos airde ná mar is gnách de vótaí neamhbhailí sa toghchán sin. Déantar vótaí millte nó neamhbhailí a aicmiú i gceithre chatagóir dhifriúla: easpa marc oifigiúil; vóta príomhrogha nach bhfuil léirithe go soiléir, lena n-áirítear páipéir bhallóide gan mharc; vóta príomhrogha léirithe do níos mó ná rogha amháin; agus scríbhneoireacht nó marc a ríomhtar chun an vótálaí a aithint.

Léirigh staitisticí a foilsíodh do Thoghchán an Uachtaráin i mí Dheireadh Fómhair 2025 gur measadh 13% de na páipéir bhallóide iomlána a bheith neamhbhailí, rud a bhí ina mhéadú suntasach ar líon na bpáipéar ballóide neamhbhailí i dtoghcháin roimhe sin. Ach bhí laghdú ar líon na bpáipéar ballóide a measadh a bheith neamhbhailí mar gheall ar 'easpa marc oifigiúil'. I dToghchán an Uachtaráin i mBaile Átha Cliath Láir, bhí 11 vóta (0.04%) i gceist agus i nGaillimh Thiar bhí 37 vóta (0.07%) i gceist.

I gcorrthoghcháin mhí na Bealtaine 2026, mhéadaigh líon na bpáipéar ballóide a

measadh a bheith neamhbhailí mar gheall ar ‘Easpa Marc Oifigiúil’ do Bhaile Átha Cliath Láir agus do Ghaillimh Thiar go 25 vóta (0.1%) agus 43 vóta (0.09%) faoi seach.

Cé go bhfuil an líon sin réasúnta íseal mar chion de na vótaí foriomlána a caitheadh, mar a luadh in PEERanna roimhe seo, is údar aiféala do gach duine atá páirteach sa phróiseas vótála é vótaí a fheiceáil atá ‘millte’ mar gheall nár stampáladh an páipéar ballóide. Cé go n-aithnímid gur féidir botúin a dhéanamh uaireanta, ba cheart gach iarracht a dhéanamh an líon botún a laghdú.

Is cuid thábhachtach den phróiseas comhairimh é breithniú na vótaí millte. Bhí ionadaithe ón gCoimisiún i láthair sna hionaid chomhairimh le haghaidh fhógra agus bhreithniú na vótaí neamhbhailí féideartha. Luadh go raibh an limistéar a roghnaíodh don phróiseas plódaithe i gceann amháin ar a laghad de na hionaid chomhairimh agus nár úsáideadh micreafón, rud a d’fhág go raibh sé deacair do roinnt iarrthóirí agus breathnóirí na himeachtaí a fheiceáil agus a chloisteáil go soiléir. Is cosúil go raibh níos mó deiseanna ag iarrthóirí nó ag ionadaithe a raibh radharc níos fearr acu ar na himeachtaí ceisteanna a tharraingt anuas maidir le vótaí neamhbhailí féideartha ná mar a bhí acu siúd a bhí suite níos faide ar shiúl. Mholfadh an Coimisiún go ndéanfaí socruithe níos struchtúrtha roimh ré amach anseo le haghaidh limistéar ar leith inar féidir le hiarrthóirí agus breathnóirí an réasúnaíocht atá taobh thiar d’aicmiú vótaí mar vótaí neamhbhailí a fheiceáil agus a chloisteáil go soiléir chun a chinntiú go mbeidh deis chomhionann ag iarrthóirí ceisteanna a

Moladh 3:
Ba cheart go mbeadh socruithe oiriúnacha agus spás fisiciúil ag ionaid chomhairimh chun páipéir bhallóide a bhreithniú lena chinntiú go mbeidh an deis chéanna ag gach iarrthóir breathnú agus páirt a ghlacadh ann de réir mar is cuí.

Dea-chleachtais a Breathnaíodh

D'ainneoin scála beag na gcorrthoghchán i gcomparáid le toghcháin níos mó, fuair na cinn chomhairimh sa dá dháilcheantar chomh maith le grúpaí eile bealaí chun nuálaíochtaí a thriail agus a thástáil a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar imeachtaí toghcháin amach anseo. Is féidir le corrthoghcháin go háirithe a bheith ina meastóireacht phíolótach den scoth ar nuálaíochtaí nua a d'fhéadfadh feabhas a chur ar an bpróiseas vótála don toghlacht. Pléitear cuid de na tionscnaimh mar a chonaic foirne an Choimisiúin iad anseo thíos.

Comharthaíocht Bhreise i nGaillimh

Luaigh foirne PEER an Choimisiúin dhá thionscnamh i nGaillimh ina raibh comharthaí ar taispeáint i suíomhanna vótála chun tuilleadh eolais a bhaineann le riar toghcháin a chur ar fáil do vótálaithe.

Baineann na chéad chinn le leathanach faisnéise soiléir a bheith ceangailte de bhoscaí ballóide ag suíomhanna vótála. Bhí sonraí éagsúla orthu sin, lena n-áirítear an ceann comhairimh, an t-oifigeach ceannais, an t-oifigeach ceannais maoirseachta, chomh maith leis an dáilcheantar agus an suíomh. Cabhraíonn an cur i láthair soiléir faisnéise sin le vótálaithe an suíomh vótála ceart a aithint agus sonraíonn sé na teagmhálaithe ábhartha a bhféadfaidís dul i dteagmháil leo ar dtús chun aon fhadhbanna a réiteach.

An dara tionscnamh a luaigh foirne breathnóirí PEER ná cairt shoiléir dhaite a thaispeáin na cóid incháilitheachta vótálaithe éagsúla agus a léirigh cé na toghcháin a raibh cead vótála iontu de réir na gcód sin. Chuir an acmhainn sin tagairt thapa agus inrochtana ar fáil do vótálaithe agus d'fhoireann vótála araon, rud a chabhraigh le ceisteanna maidir le hincháilitheacht vótálaithe a réiteach go héifeachtúil.

Tacaíonn an Coimisiún le tionscnaimh a fhágann go mbíonn an próiseas vótála níos



Fíor E

simplí, níos inrochtana agus níos éifeachtúla do gach duine atá páirteach ann, ach ba cheart suíomh na n-ábhar a mheas go cúramach chun aon rioscaí príobháideachais nó inrochtaineachta a d'fhéadfadh teacht chun cinn de bharr líon na vótálaithe a thagann le chéile chun ábhair eolais a léamh a mhaolú.

Cártaí Faisnéise i mBaile Átha Cliath

Cé gur próiseas casta é riar toghcháin, is furasta d'fhormhór na ndaoine a vóta a chaitheamh. Mar sin féin, bíonn fadhbanna gan choinne ann ó am go ham. Is féidir leis na fadhbanna sin moilleanna suntasacha a chruthú nó an fhéidearthacht nach mbeifear in ann vótáil. Chun cabhrú le cuid de na fadhbanna sin, ar fud na stáisiún vótála i mBaile Átha Cliath Láir, phriontáil Oifig Shirriam Chathair Bhaile Átha Cliath cártaí áite leis an uimhir shaorghlao d'Aonad Toghchórais Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá an t-aonad sin i bhfeighil riar an chláir agus bhí baill foirne ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag daoine le linn an phróisis vótála. Áiríodh leis sin cabhrú le daoine an stáisiún vótála ceart a aimsiú, an bord ceart sa stáisiún vótála agus a dheimhniú go raibh siad cláraithe le vótáil. Tarraingíodh anuas roinnt deacrachtaí freisin ar an lá tríd an uimhir shaorghlao a raibh gá le freagairt ina leith, amhail cur leis an gclár, baint de nó é a chur in eagar, rud

nach bhféadfaí a dhéanamh agus an córas faoi ghlas do lá na vótála. Bhí an tAonad Toghchórais in ann nóta a bhreacadh d'aon fhadhbanna agus tacaíocht nó faisnéis bhreise a sholáthar níos déanaí.

Fáiltíonn an Coimisiún roimh thionscnaimh ar nós na gcártaí faisnéise sin, a chuireann le trédhearcacht riar toghcháin agus a spreagann daoine aonair chun dul i dteagmháil le hoifigigh toghcháin lena chinntiú go bhfanann an fhaisnéis cothrom le dáta ionas gur féidir aghaidh a thabhairt ar aon údar imní go pras.

Local Link agus Iompar

Aithníonn an Coimisiún nach mbíonn an taithí vótála chéanna ag gach duine, dá bhrí sin táimid tiomanta do chleachtais a spreagadh a fhágann go bhfuil an vótáil éasca agus inrochtana do chách.

Tionólann an Coimisiún meitheal a dhéanann ionadaíocht ar ghrúpaí a mbíonn bacainní ar vótáil rompu chun bonn eolais a chur faoinár straitéis um oideachas agus rannpháirtíocht an phobail atá le teacht. Ar cheann de na saincheisteanna a tarraingíodh anuas le linn roinnt de na cruinnithe sin, bhí iompar chuig stáisiúin vótála agus uathu, go háirithe do ghrúpaí nó do dhaoine aonair faoi mhíbhuntáiste a bhféadfadh cúnamh breise a bheith ag teastáil uathu. Cuireann roinnt eagraíochtaí ar nós Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann córas iompair comhroinnte ar fáil cheana féin ar lá an toghcháin ach ní bhíonn sé sin ar fáil ach dá mbaill féin ar ndóigh. I gcás grúpaí eile, d'fhéadfadh an bac fisiciúil ar iompar chuig an ionad vótála a chomhordú a bheith ró-mhór le sárú.

Is é sin an fáth ar ábhar fíorspreagtha é go bhfaca foirne PEER de chuid an Choimisiúin tiománaí Local Link ag tacú le hinrochtaineacht vótálaithe trí vótálaithe scothaosta a iompar chuig bealach isteach an stáisiúin vótála. Cé go bhfuil deacrachtaí ann fós maidir le hindéantacht agus lóistíocht iompair saor in aisce ar scála níos mó, aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le baill den phobal áitiúil ag tabhairt faoi thionscnaimh aonair mar seo a mbíonn tionchar dearfach acu ar rannpháirteachas i dtoghcháin.

Voter.ie

Foráiltear d'fhorbairt bunachair sonraí chomhroinnte náisiúnta d'fhaisnéis chlár na dtoghthóirí leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*. Chun tús a chur leis an bpróiseas sin, forordaíodh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) mar an t-údarás clárúcháin ainmnithe chun an bunachar sonraí comhroinnte náisiúnta nua, ar a dtugtar Córas Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS), a bhunú, a bhainistiú agus a chothabháil. Tháinig Bord Tionscadail LGERS le chéile go foirmiúil den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2021, agus faoi mhí Dheireadh Fómhair 2026 bhí sonraí a gcláir ascanta ag na húdaráis áitiúla ar fad go dtí bunachar sonraí náisiúnta nua. Sonraítear an obair sin sa chéad *Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí* ón gCoimisiún (féach ar Nuashonrú ar Chlár na dToghthóirí agus Ráta Vótála ar leathanach 36).

Seoladh an chéad leagan de seo ar an 26 Bealtaine 2026 nuair a d'éirigh le ceithre údarás áitiúla Bhaile Átha Cliath ascnamh chuig an gcóras Voter.ie nua. Tá 27 clár toghthóirí na n-údarás áitiúil eile ag ascnamh chuig an mbunachar sonraí nua i gcúig thráinse, agus táthar ag súil go mbeidh an t-ascnamh críochnaithe faoi dheireadh na bliana.

Aithníonn an Coimisiún gur céad chéim riachtanach é i dtreo cláir níos láidre, agus go gcabhródh sé go mór le cruinneas na gclár a chinntiú amach anseo, agus go n-éascóidh sé bainistíocht agus cothabháil níos fearr ar chláir na dtoghthóirí i ngach údarás áitiúil.

Vótáil Speisialta agus Postvótáil

Faoi na cumhachtaí a fhoráiltear chun PEERanna a ullmhú agus a fhoilsiú, luaitear in alt 30(2) den *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* go mbeidh ag an gCoimisiún na cumhachtaí sin go léir is gá chun a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh nó a ghabhann le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.

Mar a luadh i dtuarascálacha PEER roimhe seo, tá gá le forálacha reachtacha chun cead sainráite a thabhairt do bhaill foirne agus do chomhaltaí an Choimisiúin freastal ar stáisiúin vótála agus ar ionaid chomhairimh. Tá an gá sin le soiléiriú thar a bheith tábhachtach i bhfianaise coimhlint dhealraitheach idir an fhoráil seo agus alt 82(2) den *Acht Toghcháin, 1992*, mar a chuirtear i bhfeidhm é le halt 41(2) den *Acht Toghchán an Uachtaráin, 1993*, ina bhforáiltear nach mbeidh duine ar bith seachas an t-oifigeach ceannais speisialta agus an comhalta den Gharda Síochána i láthair nuair atá an vótálaí speisialta ag vótáil.

Athdhearbhaíonn an Coimisiún an gá atá le forálacha reachtacha chun foráil fhoirmiúil a dhéanamh do fhreastal a chomhaltaí agus a bhaill foirne ar stáisiúin vótála, ionaid chomhairimh agus suíomhanna eile ina dtarlaíonn riar toghcháin. Tá sé sin i gcomhréir freisin leis na moltaí a rinne ODIHR ina athbhreithniú ar Thoghchán an Uachtaráin (féach an bosca téacs thíos).

Moladh 4:
An moladh PEER roimhe seo a chur i bhfeidhm chun reachtaíocht toghcháin a leasú chun foráil go sainráite do fhreastal bhaill foirne agus chomhaltaí an Choimisiúin mar bhreathnóirí ar stáisiúin vótála ar lá na vótála, ionaid chomhairimh, agus ar chúraimí riaracháin a bhaineann le riar imeachta toghcháin.

Agus an moladh seo á dhéanamh aige, tá an Coimisiún ar an eolas go bhféadfadh riachtanais bhreise príobháideachais a bheith ann do vótálaithe áirithe atá níos leochailí amhail roinnt vótálaithe speisialta i dtithe altranais, in ospidéil agus in institiúidí cúraim i gcás nach bhfuil an rochtain sin iomchuí lasmuigh de cheantair phoiblí.

I gcás an chorrthoghcháin seo, mar a rinneadh i gcás imeachtaí toghcháin roimhe seo, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na cinn chomhairimh ábhartha chun freastal ar ócáidí eisiúna an vóta poist, chomh maith le riar an vóta speisialta.

Postvótáil

Mar a luadh i dtuarascálacha PEER roimhe seo, bhreathnaigh an Coimisiún ar eisiúint vótaí poist ag gach toghchán ó 2024 i leith. Sna torthaí a tugadh chun solais i dtuarascáil PEER i ndiaidh Olltoghchán mhí na Samhna 2024, luadh gur féidir leis an tréimhse ama sách gearr idir fógairt toghcháin agus lá na vótála dúshláin a chruthú do ghnéithe áirithe den riar toghcháin.

Luadh go háirithe sa tuarascáil gur féidir le hamlínte gearrtha toghcháin difear a dhéanamh do chumas roinnt vótálaithe incháilithe iarratas a dhéanamh ar vótaí poist agus iad a fháil. Tá sé sin ábhartha go háirithe do dhaoine nach mbeadh ar an eolas faoina ngá le vótáil tríd an bpost ach i ndiaidh an fhógra faoi dháta an toghcháin, amhail iad siúd a chaithfidh taisteal le haghaidh na hoibre nó oibleagáidí eile gan choinne. Is féidir le tréimhsí gearrfhógra toghcháin brú a chur ar na socruithe lóistíochta is gá le haghaidh vótáil thar lear freisin, rud a laghdaíonn an t-am atá ar fáil chun páipéir bhallóide a dháileadh agus a thabhairt ar ais trí ambasáidí agus misin taidhleoireachta na hÉireann thar lear. Mar thoradh air sin, tá an cumas ag na srianta ama sin tionchar a imirt ar rochtain vótálaithe agus ar riar éifeachtúil an phróisis

postvótála araon. Tá na saincheisteanna sin agus saincheisteanna eile á meas faoi láthair mar chuid den taighde ar phostvótáil atá á dhéanamh ag International IDEA (an Institiúid Idirnáisiúnta um Dhaonlathas agus Cúnamh Toghcháin) thar ceann an Choimisiúin agus atá le foilsiú in 2027.

Is féidir leis an tréimhse ghiorraithe idir eisiúint an eascaire toghcháin agus lá na vótála teorainneacha praiticiúla a chur ar rannpháirteachas i ngnéithe áirithe den phróiseas toghcháin freisin, lena n-áirítear breathnóireacht ar ghníomhaíochtaí riar tábhachtacha amhail eisiúint vótaí poist.

Go gairid i ndiaidh eisiúint an eascaire, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le hoifigí gach cinn comhairimh chun socruithe a dhéanamh chun freastal ar eisiúint na vótaí poist. Mar sin féin, i bhfianaise na n-amlínte reachtúla dochta agus an gá a bhí leis na próisis sin a chríochnú go pras chun aon mhoilleanna ina dhiaidh sin ar dháileadh agus ar sheoladh na mballóidí a sheachaint, bhí eisiúint na vótaí poist tarlaithe cheana féin nó bhí sé sceidealaithe go dtarlódh sé go luath. Mar gheall air sin, ní raibh dóthain ama ann chun freastal breathnóireachta a shocrú.

Dá bhrí sin, ní raibh an Coimisiún in ann breathnú ar eisiúint vótaí poist d'aon cheann de na corrthoghcháin. Cé go bhfuil an dlús a chuirtear le luas na bpróiseas seo intuigthe chun a chinntiú go bhfaigheann vótálaithe poist a bpáipéir bhallóide agus go seolann siad ar ais iad laistigh den tréimhse ama atá ar fáil, is féidir leis deiseanna breathnóireachta agus maoirseachta seachtraí ar ghníomhaíochtaí áirithe riar toghcháin a laghdú.

Táimid aireach ar an ualach oibre suntasach atá cheana féin ar chinn chomhairimh, agus a bhfoireann i riar imeachtaí toghcháin. Mar sin féin, tá roinnt coigeartuithe nós imeachta beaga ann a d'fhéadfadh cabhrú le comhordú agus comhsheasmhacht a fheabhsú ar fud an raoin ranna, gníomhaireachtaí agus oifigí atá bainteach le riar toghcháin.

Beart amháin den sórt sin a bheadh in áireamh an Choimisiúin sa phróiseas fógra nuair a eisítear comhfhreagras chuig iarrthóirí. Dá gcinnteofaí go gcuirfí an Coimisiún ar an eolas, chuirfí le feasacht níos fearr ar phríomhghníomhaíochtaí riar toghcháin, dhéanfaí maoirseacht agus rannpháirtíocht níos éifeachtaí a éascú nuair is iomchuí, agus chabhrófaí le comhsheasmhacht faisnéise a chinntiú i measc na bpáirtithe leasmhara ábhartha. Bheadh coigeartú riar measartha i gceist le cur chuige den sórt sin agus ag an am céanna chuirfeadh sé le comhoibriú, trédhearcacht agus comhordú feabhsaithe ar fud an phróisis toghcháin.

Moladh 5:
Ba cheart do chinn chomhairimh fógra a thabhairt don Choimisiún Toghcháin faoi imeachtaí sceidealaithe riar toghchán ag an am céanna a chuireann siad fógra chuig na hiarrthóirí.

Tuarascáil ODIHR

I mí Iúil 2026, d'fhoilsigh an Eagraíocht um Shlándáil agus Chomhar san Eoraip (OSCE) agus an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus Cearta an Duine (ODIHR) a dtuarascáil deiridh ar a Misean Measúnachta Toghcháin do Thoghchán an Uachtaráin in Éirinn a reáchtáladh ar an 24 Deireadh Fómhair 2025. Scrúdaíodh sa tuarascáil comhlíontacht an phróisis toghcháin le gealltanais OSCE, oibleagáidí idirnáisiúnta eile agus caighdeáin dhaonlathacha toghcháin, chomh maith le reachtaíocht náisiúnta is infheidhme. I gcomhréir le modheolaíocht ODIHR, agus mar a luann ODIHR sa tuarascáil, níor bhreathnaigh siad ar imeachtaí lá an toghcháin ar bhealach córasach ná cuimsitheach agus thug siad cuairt ar líon teoranta stáisiúin vótála.

Tríd is tríd, luadh agus moladh sa tuarascáil bunú an Choimisiúin Toghcháin agus comhlíontacht ghinearálta an phróisis toghcháin le cleachtais chaighdeánacha idirnáisiúnta.

Bhí roinnt moltaí sa tuarascáil a bhain le trédhearcacht a leathnú, bacainní ar rochtain ar vótáil a bhaint, agus maoirseacht ar mhaoiniú feachtasaíochta a fheabhsú. Is suntasach gur leagadh béim sa tuarascáil ina moltaí tosaíochta ar an ngá atá le comhdhlúthú foirmiúil a dhéanamh ar an reachtaíocht toghcháin reatha agus an reachtaíocht sin a leasú chun rochtain saoránach agus breathnóirí idirnáisiúnta ar gach gné den phróiseas toghcháin a chinntiú go sainráite, i gcomhréir le gealltanais idirnáisiúnta na hÉireann.



Cás-staidéar: Gan Seoladh Seasta

Aithníonn an Coimisiún go dtagann bacainní ar vótáil i réimse foirmeacha; is féidir leo sin a bheith ina mbacainní fisiciúla ar lá na vótála ach is féidir le bacainní dálaí nó riaracháin a bheith i gceist freisin. Táimid tiomanta d'aird a tharraingt ar eispéiris grúpaí vótálaithe a d'fhéadfadh a bheith thíos le neamhdheonú ceart vótála.

I dtuarascáil ó FEANTSA[vi], cónaidhm d'eagraíochtaí neamhbhrabúis a thacaíonn le daoine gan dídean san Eoraip, d'aithin siad clárú mar phríomhbhacainn roimh rannpháirteachas sa phróiseas daonlathach dóibh siúd gan seoladh seasta, mar shampla, iad siúd atá ina gcónaí i gcóiríocht shealadach. Chun clárú le vótáil, is gnách go gceanglaítear ar dhuine seoladh seasta a sholáthar dá n-údarás clárúcháin. Cuireann sé sin ar chumas an údaráis clárúcháin teidlíocht chun vótála a dhearbhú, toisc go bhfuil ceart vótála coinníollach ar 'ghnáthchónaí'. Cinntíonn soláthar seolta sheasta cruinneas an chláir freisin, toisc go gcuirtear cosc ar iontrálacha dúblacha nó atá as dáta, rud a éascaíonn sannadh ceantar vótála, agus a chuireann ar chumas an údaráis clárúcháin teagmháil a dhéanamh le vótálaithe le faisnéis toghcháin.

In éagmais seolta sheasta, is gnách go n-úsáideann údaráis chlárúcháin 'seoladh tagartha' chun clárúchán ar an gclár a éascú – in Éirinn roimh thabhairt isteach an *Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, riar na údaráis chlárúcháin an próiseas sin go neamhfhoirmiúil, rud a d'fhágfadh go mbeadh cur i bhfeidhm neamhréireach ann agus seoladh malartach á bhunú chun críocha clárúcháin. Thug an t*Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* próiseas aonfhoirmeach isteach chun daoine gan seoladh seasta a chlárú.

Faoi alt 84 den Acht, tá duine gan seoladh seasta tráth an iarratais chun clárú chun vótáil i dteideal Dearbhú Imthosca (Foirm ERF2[vii]) a chomhlánú chun a gcúiseanna a mhíniú maidir le seoladh tagartha a úsáid; tá foirmeacha iarratais ar fáil ag oifigí údarás clárúcháin agus ar líne ag Voter.ie. Ar an dearbhú, táthar ag súil go soláthróidh an t-iarratasóir seoladh ag ar mian leo go measfaí go bhfuil cónaí orthu de ghnáth; féadfaidh an seoladh sin a bheith ina sheoladh i gcóiríocht éigeandála, nó ina sheoladh neamhchónaitheach ag a bhfaigheann siad seirbhísí éigeandála. Braitheann riar toghcháin ar sheoladh gnáthchónaithe toisc go gcinneann sé an ceantar vótála agus an toghcheantar ina vótálfaidh an t-iarratasóir lá na vótála.

Agus an t-iarratas á phróiseáil, beidh feidhm ag nósanna imeachta clárúcháin ginearálta, lena n-áirítear fíorú céannachta agus fíorú incháilitheachta. Is é an t-aon difríocht nós imeachta ná go ndéantar an coinníoll gnáthchónaithe a tharscaoileadh. Táthar ag súil go léireoidh iarratasóirí nasc leis an seoladh ag ar mian leo a bheith measta mar ghnáthchónaitheoirí agus tá oifigeach próiseála i dteideal oiriúnacht an tseolta atá beartaithe a mheas.


Anuas ar sheoladh a thabhairt ag ar mian leo go measfaí go bhfuil gnáthchónaí orthu, tugtar an rogha d'iarratasóirí seoladh a thabhairt ag a bhfuil siad in ann post a fháil – d'fhéadfadh sé sin a bheith difriúil lena seoladh gnáthchónaithe. Trí sheoladh poist a thabhairt, cinntítear go mbeidh an t-údarás clárúcháin in ann faisnéis toghcháin a sholáthar don vótálaí, a gcárta faisnéise vótaíochta mar shampla. Mura bhfuil iarratasóir in ann seoladh poist a thabhairt, déanfaidh an t-údarás clárúcháin socrú dóibh chun faisnéis toghcháin a bhailiú ag oifigí an údaráis áitiúil.

Réamhtheachtaí úsáideach do chur i bhfeidhm an phróisis clárúcháin mhalartaigh ab ea tabhairt isteach seirbhís Address Point[viii] An Post. Cuireadh Address Point i bhfeidhm in 2019, agus tugann sé deis do dhuine seoladh poist a ghiniúint bunaithe ar

a n-oifig phoist áitiúil – soláthraíonn sé sin pointe bailithe dá bpost agus seoladh chun críocha riaracháin, mar shampla, chun clárú le cleachtóir leighis. I gcás clárú vótálaithe, cuireann Address Point rogha seolta bhreise ar fáil dóibh siúd nach bhfuil seoladh seasta acu, go háirithe dóibh siúd atá drogallach seirbhísí cóiríochta éigeandála a úsáid.


Is cosúil go bhfuil úsáid an phróisis clárúcháin mhalartaigh sin teoranta. As an 11,546 duine fásta a bhí i gcóiríocht éigeandála i mí na Nollag 2025 i ndiaidh thoghchán an uachtaráin, ní raibh ach 4.51% (521) le feiceáil ar na cláir faoin gcatagóir seo. Míniú soiléir air sin ná na dúshláin a bhaineann le bheith i gcóiríocht éigeandála ina mb'fhéidir go mbeadh gá tús áite a thabhairt do shaincheisteanna bunúsacha riaracháin eile. Díríonn mínithe breise ar theidlíocht vótála agus ar chúinsí institiúideacha, socheacnamaíocha agus sóisialaithe éagsúla. Tá scrúdú domhain ar na réamhinsintí vótála sin i dtuarascáil an Choimisiúin Review of Electoral Participation and Inclusion.[ix] I mí na Nollag 2025, ní raibh ach 5,734 duine fásta i gcóiríocht éigeandála incháilithe chun vótáil i dtoghchán an uachtaráin, toghchán ina mbíonn an ceart vótála srianta do shaoránaigh. Dá bhrí sin, níor bhain ach beagán os cionn 9% de na daoine i gcóiríocht éigeandála a bhí incháilithe chun vótáil i dtoghchán an uachtaráin úsáid as an bpróiseas seo chun clárú. (Tá sé tábhachtach a chur i bhfios gur táscaire garbh é seo nach dtagraíonn ach do chóiríocht éigeandála amháin.)

Leanfaidh an Coimisiún leis an taighde ar an ábhar seo chun tuiscint níos iomláine a fhorbairt ar na deacrachtaí a bíonn le sárú ag an ngrúpa vótálaithe seo. Táimid tiomanta d'oibriú le páirtithe leasmhara, eagraíochtaí ionadaíocha, agus gníomhaireachtaí agus ranna rialtais chun cúinsí a d'fhéadfadh srian a chur le rannpháirteachas sa phróiseas daonlathach a shainaithint.



Fíor F

Líon Iomlán na Vótálaithe 'Gan Áit Chónaithe Sheasta' ar an gClár de réir Údarás Clárúcháin



Fíor G

Nuashonrú ar Chlár na dToghthóirí agus Ráta Vótála

Foráiltear leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* raon athchóirithe ar chlárú toghthóirí lena n-áirítear clárú leanúnach ar líne agus úsáid UPSPanna a chumasú agus daoine ag clárú le vótáil. Gné thábhachtach eile den phróiseas nuachóirithe, a cumasaíodh faoin Acht, ab ea forbairt bunachair sonraí chomhroinnte náisiúnta d'fhaisnéis chlár na dtoghthóirí. Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath (DCC) i gceannas ar an tionscadal chun an bunachar sonraí sin a fhorbairt – tionscadal Chóras Clárúcháin Toghcháin an Rialtais Áitiúil (LGERS) – agus tá baint ag na húdaráis áitiúla ar fad leis.

Is píosa ríthábhachtach den bhonneagar toghcháin é an bunachar sonraí agus beidh cláir na dtoghthóirí níos cruinne dá bharr, mar gheall go ndéanfar cros-seiceáil sonraí a éascú i measc údaráis áitiúla, rud a laghdóidh an baol go ndéanfar iontrálacha dúblacha.

I mí na Bealtaine 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún an chéad *Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí* ina dtugtar breac-chuntas ar an gcaoi a mbainistítear cláir na dtoghthóirí, tionchair na n-athruithe a tugadh isteach leis an *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, agus bainistíocht agus cruinneas chláir na dtoghthóirí. Leagadh amach sa tuarascáil sraith moltaí freisin chun tacú le cruinneas chláir na dtoghthóirí a fheabhsú roimh an gcéad timthriall toghchán eile. Áiríodh sna moltaí sin tosaíocht agus acmhainní leordhóthanacha a thabhairt do bhainistiú agus do chothabháil chláir na dtoghthóirí sna húdaráis áitiúla agus iniúchtaí ar chruinneas chláir na dtoghthóirí. Cuirfidh an Coimisiún a chéad Tuarascáil Formhaoirseachta eile i dtoll a chéile faoi dheireadh 2026 ina mbeidh sonraí faoin obair a rinneadh chun feabhas a chur ar cháilíocht chláir na dtoghthóirí tríd an tionscadal LGERS.

Tá obair shuntasach déanta ag na húdaráis áitiúla ar fad i rith 2025 agus 2026 chun a gcláir toghthóirí a ullmhú le haghaidh ascnamh chuig an mbunachar sonraí náisiúnta nua do chlár na dtoghthóirí, Voter.ie. Áirítear leis sin míchruinneas agus iontrálacha dúblacha a ghlanadh ó shonraí chláir na dtoghthóirí, formáidiú sonraí a chaighdeánú agus a chinntiú go n-úsáidtear an Ghaeilge go comhsheasmhach i seoltaí agus i mbailte fearainn. Faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022*, éilítear ar údaráis áitiúla trí iarracht thuairiscithe a dhéanamh ar dhul i dteagmháil le toghthóir sula mbaintear de chlár na dtoghthóirí iad.

Tuairiscíodh roinnt dúshlán i dtús báire, áfach, agus ní raibh líon beag daoine ar an eolas gur baineadh den chlár iad. I gcás amháin, ní raibh cónaitheoirí foirgnimh a bhí sceidealaithe le scartáil ar an eolas go raibh a stádas clárúcháin athraithe.

Tá an obair glantacháin sonraí atá ar bun ag údaráis áitiúla ríthábhachtach chun sláine chláir na dtoghthóirí agus na bpróiseas toghcháin a chinntiú. Léiríonn ár rannpháirtíochtaí leis na húdaráis áitiúla go gcinntíonn siad go leantar nósanna imeachta cuí sula mbaintear toghthóirí de na cláir, go háirithe roimh imeacht toghcháin. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go mbeadh rannpháirtíocht leanúnach leis an bpobal ar bun ag na húdaráis áitiúla, an roinn agus an Coimisiún lena chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí maidir le clárú.

Figiúirí Toghlachta agus Ráta Vótála

Tá an toghlacht do chorrthoghcháin Bhaile Átha Cliath Láir agus na Gaillimhe Thiar, agus i ndáiríre in aon chorrthoghchán eile, bunaithe ar na daoine ar fad atá incháilithe chun vótáil i dtoghcháin Dála, eadhon na

toghthóirí sin atá 18 mbliana d'aois nó níos sine lá na vótála, ar saoránaigh Éireannacha nó de chuid na Ríochta Aontaithe iad, a bhfuil gnáthchónaí orthu sa dáilcheantar, agus atá cláraithe chun vótáil roimh an spriocdháta clárúcháin vótálaithe – an 5 Bealtaine i gcás na gcorrthoghchán seo.

Tá codarsnacht idir an figiúr toghlachta an-sonrach sin agus an figiúr toghlachta i bhfad níos leithne sa 'scéim vótála' iomlán a léiríonn figiúr 'an toghlachta iomláin' a chuimseodh daoine atá cláraithe le vótáil, ach nach mbeadh incháilithe chun vótáil i dtoghchán Dála (ná i gcorrthoghchán). D'áireofaí leis sin, mar shampla, vótálaithe 'L' atá incháilithe chun vótáil i dtoghcháin áitiúla amháin ina bhfuil na ceanglais saoránachta difriúil.

Cinneann saoránacht na himeachtaí toghcháin ag a bhféadfaidh duine os cionn 18 mbliana d'aois vótáil:

- is féidir le saoránaigh Éireannacha vótáil i dtoghcháin Dála, an Uachtaráin, áitiúla, Eorpacha, mhéara Luimnigh agus i reifrinn,
- is féidir le saoránaigh Bhriotánacha vótáil i dtoghcháin Dála, áitiúla agus mhéara Luimnigh,
- is féidir le saoránaigh AE vótáil i dtoghcháin Eorpacha, áitiúla agus mhéara Luimnigh,
- is féidir le gach duine eile vótáil i dtoghcháin áitiúla agus mhéara Luimnigh (más incháilithe) amháin.

Seo a leanas na figiúirí deiridh maidir leis an ráta vótála a d'fhoilsigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i leith thoghlacht sonrach na gcorrthoghchán don dá dháilcheantar sa tréimhse tar éis don spriocdháta clárúcháin vótálaithe a bheith caite:

- Toghlacht chorrthoghchán Bhaile Átha Cliath Láir – 57,619 le líon iomlán vótálaithe de 25,045, rud a léiríonn ráta vótála 43.47%.
- Toghlacht chorrthoghchán na Gaillimhe Thiar – 103,772 le líon iomlán vótálaithe de 48,176, rud a léiríonn ráta vótála 46.42%.

Ach luaigh an Coimisiún Toghcháin gur luaigh na figiúirí toghlachta a d'fhoilsigh na cinn chomhairimh mar chuid dá ngnáth-thuairisceáin an figiúr iomlán don 'scéim vótála'. Bhí figiúr toghlachta na scéime vótála sin, a d'fhoilsigh na cinn chomhairimh roimh lá na vótála agus i rith an phróisis comhairimh, bunaithe ar an toghlacht "áitiúil" níos mó. Léirmhínigh roinnt anailísithe an figiúr sin gan chuimhneamh mar an toghlacht níos teoranta a bhí sonrach do chorrthoghcháin.

Sa deireadh thiar, toisc go ríomhtar an ráta vótála agus tagairt á déanamh don toghlacht, thugamar faoi deara tuairiscí sna meáin agus ó fhoinsí eile go raibh an ráta vótála níos ísle ná na figiúirí iarbhír a d'fhoilsigh an Roinn ina dhiaidh sin i ndiaidh an toghcháin. Mar shampla, i gcás Bhaile Átha Cliath Láir bhí an ráta vótála a tuairiscíodh faoi bhun 40%, difríocht tuairim is 4% idir na figiúirí a tuairiscíodh agus figiúirí cruinne an ráta vótála.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach mbaineann an difríocht i ráta vótála atá á léiriú anseo ach leis na scéimeanna vótála a foilsíodh agus nach bhfuil tionchar ag saincheisteanna ar leith i dtaobh chláir na dtoghthóirí a léiríodh inár d*Tuarascáil Formhaoirseachta ar Chláir na dToghthóirí* uirthi.

Moladh 6:
Roimh imeacht toghcháin, ba cheart do na hÚdaráis Áitiúla a chinntiú gurb é an figiúr toghlachta is ábhartha don toghchán sin an ceann a sholáthraítear don Cheann Comhairimh agus a úsáidtear chun an ráta vótála a ríomh, seachas an figiúr toghlachta ón scéim vótála iomlán a d'fhéadfadh a bheith níos mó.

Feachtas Faisnéise do Chorrthoghcháin Bhaile Átha Cliath Láir agus na Gaillimhe Thiar

Is feidhm lárnach de chuid an Choimisiúin Toghcháin faoin *Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022* eolas a chur ar fáil, don phobal, faoi phróisis toghcháin (reifrinn ina measc) agus rannpháirteachas an phobail i bpróisis toghcháin agus dhaonlathacha an Stáit a spreagadh.

Leagtar an tiomantas sin amach freisin i Ráiteas Straitéise 2024–2026 dár gcuid ina dtugtar breac-chuntas ar chur chuige atá sainoiriúnaithe chun oideachas a chur ar an toghlacht agus feasacht a mhéadú ina measc chun go mbeifí rannpháirteach in imeachtaí toghcháin.

Feachtais chéimnithe i gcorrthoghcháin

Ba iad an dá chorrthoghchán seo ár gcéad imeachtaí corrthoghcháin agus mar sin bhí gá le cur chuige nuálach i leith ár bhfeachtais faisnéise poiblí maidir le toghchán atá chomh teoranta ó thaobh na tíreolaíochta de agus toghlacht chomh sonrach sin. Ba iad an dá chuspóir a chinntiú go raibh ár bhfeachtas dírithe go sonrach ar an toghlacht incháilithe agus ag an am céanna a aithint go bhfuil leas suntasach polaitiúil náisiúnta ag baint le corrthoghcháin den sórt sin freisin.

Roimh lá na vótála don dá chorrthoghchán, reáchtáil an Coimisiún feachtas áitiúil spriocdhírithe chun an pobal a chur ar an eolas agus a chur i mbun plé ar an toghchán agus an gá atá le bheith cláraithe agus le vóta a chaitheamh.

Bhí an feachtas um chumarsáid agus rannpháirtíocht an phobail ar cheann de na feachtais is áitiúla ó thaobh tíreolaíochta de go dtí seo ón gCoimisiún, agus bhí sé ar bun i gcéimeanna sonracha go dtí lá na vótála ar an 22 Bealtaine, agus ar lá na vótála féin. Dhírigh céimeanna den fheachtas ar chlárú vótálaithe (go dtí an spriocdháta clárúcháin vótálaithe ar an 5 Bealtaine) agus ansin ar fhaisnéis agus gníomhachtú vótálaithe.

Gníomhaíochtaí margaíochta sa dá dháilcheantar

Leanaimid orainn ag cur lenár bpríomhtheachtaireacht ‘Is é do vóta do ghuth’ mar shnáithe comhsheasmhach atá ag rith trínár bhfeachtais uile ó 2024 i leith. Is é an rud a rinne an feachtas seo difriúil ná gur cruthaíodh feachtas áitiúil den teachtaireacht seo don dá dháilcheantar.

Rinneadh ár bhfeachtas margaíochta faisnéise dátheangach don phobal a sheachadadh ar an raidió, i bpictiúrlanna, i nuachtáin, lasmuigh den bhaile, i bhfógraíocht dhigiteach, fuaime agus ar na meáin shóisialta.

Le toghlacht chomh dírithe sin sa dá dháilcheantar, dhíríomar go mór ar úsáid fógraíochta áitiúla lasmuigh den bhaile (amhail cláir fógraí, formáidí fógraíochta digití in ionaid siopadóireachta agus i limistéir eile a mbíonn líon mór daoine ag taisteal iontu) agus rinneamar fógraíocht i bpictiúrlanna áitiúla laistigh de na dáilcheantair ar mhaithe le tionchar geografach. Chruthaíomar fógraí pictiúrlainne saincheaptha ‘guth an vótálaí’ do gach dáilcheantar agus níor thaispeánamar iad ach i bpictiúrlanna laistigh de na dáilcheantair.

Ag bualadh le daoine ar fud na ndáilcheantar

Mar is gnáth, rinneamar iarracht dul chuig an áit a raibh daoine sa dá dháilcheantar. Mar thoradh air sin, reáchtáil foireann an Choimisiúin laethanta feachtasaíochta in ionaid siopadóireachta in ionad siopadóireachta Ilac i mBaile Átha Cliath agus in ionad siopadóireachta Jervis a dhírigh ar chlárú vótálaithe.

I mBaile Átha Cliath Láir, thugamar cuairt ar scoileanna freisin agus labhraíomar le mic léinn in Ollscoil Átha Cliath, Baile Átha Cliath agus, an lá roimh an vótáil, bhí foireann

an Choimisiúin amuigh ar shráideanna na príomhchathrach ag meabhrú do dhaoine i mBaile Átha Cliath Láir (agus i nGaillimh Thiar) a vóta a úsáid.

I nGaillimh Thiar, le linn dheireadh seachtaine saoire bainc na Bealtaine, rinneamar an chéad tobshiopa clárúcháin vótálaithe in Éirinn a chur chun cinn ar an bhFaiche Mhór. Labhair foirne ón gCoimisiún le grúpaí ó Ghluaiseacht Taistealaithe na Gaillimhe sa Bhaile Bán agus ó Obair d'Ógra Éireann sa Taobh Thiar. Labhraíomar freisin le mic léinn in Ollscoil na Gaillimhe agus le vótálaithe céaduaire i meánscoileanna na Gaillimhe.

Toisc go bhfuil an Ghaeltacht is mó in Éirinn i nGaillimh Thiar, dhírigh an Coimisiún go háirithe ar labhairt le scoláirí agus ar chlárú scoláirí i scoileanna Gaeilge i gCarna agus ar an gCeathrú Rua. Rinneamar roinnt imeachtaí meán i nGaeilge freisin ar Raidió na Gaeltachta agus ar RTÉ TV Nuacht agus le TG4.

Chomh maith leis sin, chuir an Coimisiún treoir inrochtana éasca le léamh ar fáil faoi chorrthoghcháin do dhaoine a bhféadfadh riachtanais litearthachta nó inrochtaineachta eile a bheith acu.

Rannpháirtíocht leis na Meáin, na Meáin Dhigiteacha agus na Meáin Shóisialta

Ghlac ionadaithe ón gCoimisiún Toghcháin páirt i 21 imeacht rannpháirtíochta leis na meáin san iomlán le linn thréimhse an fheachtais. Bhí urlabhraithe an Choimisiúin ar raidió áitiúil agus náisiúnta, lena n-áirítear Morning Ireland de chuid RTÉ, Galway Bay FM, Q102, Connemara Community Radio agus asraonta cló réigiúnacha agus náisiúnta, lena n-áirítear an Irish Times agus an Galway City Tribune.

- 3 mhír ar theilifís náisiúnta agus réigiúnach
- 15 agallamh ar raidió
- 3 alt chlóite agus ar líne

As na figiúirí thuas, bhí 4 chraoladh i nGaeilge agus 17 i mBéarla.



Rinneadh ár suíomh gréasáin (electoralcommission.ie) a nuashonrú go sonrach chun faisnéis faoin gcorrthoghchán a bheadh inrochtana go héasca a chur ar fáil. Áiríodh leis sin leathanach dátheangach ar leith do chorrthoghcháin agus réimse Ceisteanna Coitianta a cuireadh leis an suíomh agus a nuashonraíodh le linn an fheachtais. Fuair na leathanaigh sin breis agus 20,000 amharc. Mholamar do dhaoine freisin gníomhú go luath agus a ndáilcheantar a sheiceáil ag baint úsáid as a nÉirchód chun a fháil amach an raibh siad incháilithe chun vótáil ag baint úsáid as ár n-uirlis ar líne 'Aimsigh Mo Dháilcheantar'.

Rinneadh ár gclár meán sóisialta a sheachadadh le raon físeán agus postálacha statacha a thug faisnéis faoi spriocdhátaí vótálaithe, faisnéis vótálaithe, ár ngníomhaíochtaí feachtasaíochta, ag taispeáint na bpáipéar ballóide samplach agus raon ábhar orgánach eile. Seachadadh fógraíocht ar na meáin shóisialta chuig úsáideoirí sa dá dháilcheantar freisin.

Nuálaíochtaí Feachtais

Ós rud é gurb é seo an chéad uair ag an gCoimisiún plé le corrthoghcháin, bhí fonn orainn triail a bhaint as cuir chuige agus modhanna nua feachtasaíochta agus feasachta poiblí.

Bhí an chéad tobshiopa clárúcháin vótálaithe in Éirinn riamh ar siúl ar an bhFaiche Mhór i nGaillimh le linn dheireadh seachtaine saoire bainc na Bealtaine. I suíomh a bhí an-infheicthe agus brandáilte, bhí foireann de chuid an Choimisiúin ag clárú vótálaithe agus ag cabhrú le daoine a sonraí clárúcháin a nuashonrú roimh an spriocdháta. I measc na ngníomhaíochtaí, bhí craoladh seachtrach Galway Bay FM ón láthair, ceol traidisiúnta agus clárú/nuashonrú vótálaithe ar an láthair ar tháibléid.



Chuir an obair sin le méadú ar an bhfeasacht faoi na corrthoghcháin agus ar chlárúcháin vótálaithe.

Chuaigh dhá chaifé i nGaillimh agus ceann amháin i mBaile Átha Cliath i gcomhpháirtíocht leis an gCoimisiún chun 5,000 cupán caife a dháileadh i ngach ceann acu a raibh ár dteachtaireacht bhrandáilte agus cód faisnéise vótálaithe QR priontáilte ar an gcupán. A bhuí leis an gcomhpháirtíocht sin leis na caiféanna, bhíomar in ann díriú ar phobal an-áitiúil sa dá dháilcheantar.

Chomh maith leis sin, shainaithin an Coimisiún comhpháirtíochtaí le cruthaitheoirí inneachair a raibh naisc ar leith acu le dáilcheantair áitiúla agus a raibh lucht leanúna acu sna dáilcheantair sin, eadhon Michael Fry (dírithe ar Bhaile Átha Cliath Láir), Nuala Gorham (dírithe ar Ghaillimh Thiar) agus How to Gael (dírithe go dátheangach ar Ghaillimh agus ar Bhaile Átha Cliath araon). Dhírigh ábhar ó na cruthaitheoirí sin ar chlárú vótálaithe agus ar dhaoine a spreagadh chun vótáil ina stíleanna sainiúla féin agus go minic le teagmháil ghreann.

Greamáin “Is Vótálaí mé”

D’fhorbair foirne Cumarsáide agus Oibríochtaí Toghcháin an Choimisiúin Toghcháin tionscnamh píolótach do chorrthoghcháin Bhaile Átha Cliath Lár agus na Gaillimhe Thiar i mí na Bealtaine 2026 a raibh sé mar aidhm leis rannpháirtíocht vótálaithe a fheabhsú agus taithí vótála dhearfach a chruthú ag stáisiúin vótála.

Bhain an tionscnamh píolótach le dáileadh deonach greamán ar thoghthóirí tar éis dóibh a vóta a chaitheamh. Bhí na greamáin ar fáil i nGaeilge (“Is Vótálaí mé!”) agus i mBéarla (“I’m a Voter!”). A bhuíochas le tacaíocht na beirte ceann comhairimh, dáileadh na greamáin ar dhaoine in ocht stáisiún vótála i mBaile Átha Cliath Láir agus i gceann de na stáisiúin vótála is mó i gCathair na Gaillimhe.

Thug an scéim phíolótach deis chun spéis an phobail i dtionscnaimh aitheantais vótálaithe a mheas agus chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh bearta beaga rannpháirtíochta cabhrú le rannpháirteachas a spreagadh, agus feasacht ar thoghcháin a mhúscailt i measc pobail áitiúla, ar líne agus as líne araon. Tarraingíodh anuas úsáid ábhair bholscaireachta, ar nós greamán, sa dá mheitheal comhairliúcháin phoiblí don straitéis oideachais agus rannpháirtíochta. Léiríonn taithí idirnáisiúnta gur féidir le daoine a roinneann pictiúir de na greamáin ar na meáin shóisialta nó a fheictear ag caitheamh a ngreamán agus iad amuigh, meabhrú agus spreagadh dearfach a thabhairt do vótálaithe ionchasacha eile páirt a ghlacadh sa phróiseas daonlathach.

Priontáladh 100,000 greamán dátheangach san iomlán, mar aon le póstaeir taispeána, agus dáileadh iad ar na stáisiúin vótála a ghlac páirt. Le cúnamh ó fhoireann na stáisiún vótála, leagadh iad ar bhord gan foireann ag bealach isteach na stáisiún chun spreagadh a thabhairt do vótálaithe greamán a thógáil agus iad ag fágáil an fhoirgnimh tar éis dóibh vóta a chaitheamh.

As an 29,700 greamán a dáileadh ar fud ocht stáisiún vótála i mBaile Átha Cliath Láir, tógadh 52% (14,760) díobh, agus fágadh 14,940. I nGaillimh Thiar, as an 7,200 greamán, tógadh 44% (3,221) díobh, agus tugadh 3,979 ar ais. Measadh gur bealach éifeachtach ar chostas íseal a bhí sna greamáin chun feasacht a mhúscailt ar na corrthoghcháin. Anuas air sin, athúsáidfear na bileoga greamán atá fágtha le haghaidh imeachtaí oideachais, imeachtaí rannpháirtíocht an phobail nó toghcháin eile amach anseo.

Léiríonn na meáin shóisialta agus fianaise neamhfhoirmiúil gur glacadh go maith leis na greamáin. Léirigh gabhálacha scáileáin ó

TikTok agus Instagram iarrthóirí, eagraíochtaí, agus cuntais meán sóisialta ardphróifíle i measc daoine eile ag taispeáint agus ag cur a gcuid greamán 'Is Vótálaí mé' chun cinn go bródúil. Léirigh na meáin náisiúnta agus áitiúla spéis shuntasach i soláthar na ngreamán le linn na gcorrthoghchán. Ar lá na vótála, bhí íomhá de na greamáin mar phríomhfhógra ar aip RTÉ News agus ar leathanach gréasáin RTÉ News agus rinneadh tagairt dá n-úsáid sna corrthoghcháin. D'fhoilsigh Press Association ailt chomh maith. D'fhiafraigh asraonta áitiúla ar nós Galway Bay FM faoi úsáid na ngreamán in agallaimh le baill foirne an Choimisiúin.

Ina theannta sin, mhol gníomhaithe polaitiúla, oifigigh cheannais stáisiún vótála, tráchtairí sna meáin agus vótálaithe an tionscnamh, agus luaigh go leor acu go raibh vótálaithe ag déanamh iarratais gan choinne orthu. Go neamhfhoirmiúil, luaigh baill foirne freisin go raibh an chuma ar an scéal go raibh níos mó éilimh ar na greamáin Ghaeilge ná na greamáin Bhéarla, sa dá dháilcheantar ina raibh na corrthoghcháin. Léirigh aiseolas ó bhaill foirne ag roinnt stáisiúin vótála nach raibh na greamáin ar fáil iontu gur fhiosraigh roinnt vótálaithe an raibh siad ar fáil agus gur léirigh siad spéis ceann a fháil tar éis dóibh vóta a chaitheamh.

Cé go bhfuil sé deacair an rath a chainníochtú trí na meáin shóisialta agus fianaise neamhfhoirmiúil, creideann Foirne Cumarsáide agus Oibríochtaí Toghcháin an Choimisiúin Toghcháin go bhfuil fíor-acmhainneacht ag an tionscnamh seo do thoghcháin amach anseo a bhuíochas leis an ráta ard daoine a thóg greamán agus an t-aiseolas láidir. Is é an príomhdhúshlán amach anseo, má mheastar gur iomchuí é, ná a chinntiú go n-éireoidh leis an soláthar go réidh, gan aon ualach riaracháin breise gan ghá a chur ar chinn chomhairimh ná ar fhoireann na stáisiún vótála.



Trédhearcacht agus Spriocdhíriú na Fógraíochta Polaitiúla

Tháinig *Rialachán (AE) 2024/900 maidir le Trédhearcacht agus Spriocdhíriú Fógraíochta Polaitiúla (TTPA)* i bhfeidhm go hiomlán ar an 10 Deireadh Fómhair 2025, ag tabhairt isteach ceanglais nua trédhearcachta maidir le fógraíocht pholaitiúil ar fud an Aontais Eorpaigh. Go simplí, tá sé mar aidhm leis an Rialachán a chinntiú gur féidir le baill den phobal fógraíocht pholaitiúil a aithint agus rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi cé atá freagrach aisti agus conas a maoiníodh í. Ceanglaítear ar fhógraí polaitiúla lipéad a bheith orthu ina bhfuil faisnéis faoi urraitheoir an fhógra agus an ócáid lena mbaineann sé, mar aon le nasc gréasáin nó cód QR chuig áit ar féidir rochtain a fháil ar fhógra trédhearcachta níos mionsonraithe.

Thug corrthoghcháin 2026 an chéad deis shuntasach don Choimisiún, mar rialtóir, breathnú ar chur i bhfeidhm an chreata nua le linn imeacht toghcháin beo. Ar an gcaoi chéanna, bhí go leor iarrthóirí agus páirtithe ag gabháil don Rialachán den chéad uair. Rinneadh monatóireacht ar ghníomhaíocht fógraíochta polaitiúla ar fud an dá dháilcheantar agus bhí measúnú pearsanta ar ábhair feachtasaíochta, cigireacht ar fhógraí sna meáin chlóite agus rianú fógraíochta ar shuíomhanna gréasáin i gceist leis.

Ar an gcéad amharc, rinne cion suntasach de na hiarrthóirí iarrachtaí ionraice agus inmholta chun cloí leis an Rialachán. Ach ní dhearna roinnt iarrthóirí aon iarracht a gcuid ábhar a lipéadú ná fógraí trédhearcachta a chur ar fáil. Trí chumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí agus le páirtithe, agus treoir a thabhairt do pháirtithe leasmhara, rinneadh feabhas suntasach le linn thréimhse na gcorrthoghcháin, agus chomhlíon formhór na n-iarrthóirí croí-oibleagáidí an Rialacháin go ginearálta.

I ndiaidh an toghcháin, tionóladh sraith seisiúin aiseolais chuiditheacha d'iarrthóirí agus do pháirtithe chun a dtaithí a roinnt agus cuirfidh an fhaisnéis ó na seisiúin sin bonn eolais faoi straitéis rannpháirtíochta agus comhroinnte eolais TTPA an Choimisiúin sna míonna amach romhainn.

Tríd is tríd, léirigh na corrthoghcháin gluaiseacht shuntasach i dtreo comhlíontachta agus ag an am céanna sainaithníodh dúshláin maidir le feasacht, ullmhacht agus cur i bhfeidhm teicniúil mionsonraithe na gceanglas nua.

Tosaíochtaí Amach Anseo

Nuair a bhí tuarascálacha PEER á ndréachtú agus á bhfoilsiú roimhe seo, bhí imeacht toghcháin ar na bacáin de ghnáth agus tús curtha leis an obair phleanála agus ullmhúcháin dó cheana féin. Faoi láthair, áfach, níl aon toghchán beartaithe go ceann tamaill, agus is iad na chéad toghcháin eile atá sceidealaithe ar fud na tíre ná na Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha in 2029. Tugann sé sin deis don Choimisiún machnamh a dhéanamh ar na ceachtanna ó imeachtaí toghcháin le déanaí agus na príomhthosaíochtaí a shainaithnítear don chéad timthriall toghcháin eile a chur chun cinn.

Tá roinnt straitéisí agus beartas á bhforbairt ag an gCoimisiún faoi láthair, agus beidh béim shuntasach ar a gcur i bhfeidhm sa tréimhse atá romhainn. Tá straitéis nua oideachais á forbairt agus meastar go bhfoilseofar í faoi dheireadh na bliana. Tá béim ann ar thaithí agus rannpháirtíocht vótálaithe a fheabhsú; forbairt acmhainne; cineálacha éagsúla oideachais; agus feasacht ar an gCoimisiún Toghcháin. Táimid ag forbairt Clár Taighde nua do 2027–2030 faoi láthair freisin, agus táimid i mbun próiseas comhairliúcháin chun tuairimí na bpáirtithe leasmhara a bhailiú maidir le treo ár dtaighde agus tionscadail taighde amach anseo a shainaithint.

Chun cur leis na hathbhreithnithe agus na straitéisí sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar a chur chuige i leith PEERanna a dhéanamh, lena n-áirítear an taithí go dtí seo agus dea-chleachtas idirnáisiúnta a chur san áireamh. Leasóimid an seicliosta trí cheisteanna atá ann cheana a mheas, dul i mbun oibre le páirtithe leasmhara, agus an anailís staitistiúil atá ann cheana a úsáid chun deiseanna le haghaidh feabhsúcháin a shainaithint. I gcás thuarascáil PEER Thoghchán an Uachtaráin, rinneamar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm mholtaí PEER go dtí seo. Mar chuid de chlár oibre leanúnach an Choimisiúin, leanfaimid orainn ag déanamh monatóireacht ar dhul chun cinn mholtaí carnacha PEER.

Oibreoimid leis an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus leis an Aonad Toghchórais ina roinn, chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha amhail na cinn chomhairimh, agus Comhairlí Contae agus Cathrach chun a chinntiú go leanfar de na feabhsuithe agus na forbairtí atá molta a chur i bhfeidhm.

Úsáidfimid an t-am seo idir imeachtaí toghcháin freisin chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dea-chleachtas i dtíortha eile, go háirithe trínár rannpháirteachas i misin breathnóireachta toghchánaíochta agus i gcláir cuairteoirí toghcháin, agus breithneoimid an bhfuil cuir chuige nó nuálaíochtaí ann a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm in Éirinn chun ár gcóras breathnóireachta toghchánaíochta a fheabhsú tuilleadh.

A bhuí leis an deis a bhí againn PEERanna a reáchtáil le trí bliana anuas ó bunaíodh muid, tá forbhreathnú luachmhar ag an gCoimisiún ar staid reatha riar toghcháin in Éirinn. Tugadh léargas ar scála na hoibre a bhaineann le toghcháin a reáchtáil agus ar leibhéal dúthrachta agus saineolais na ndaoine a bhíonn páirteach ann. Creidimid gur léirigh na feabhsuithe ar an gcóras atá feicthe againn ó PEER go PEER luach na PEERanna mar shásra maoirseachta. Tá súil againn go bhfeicfimid feabhsuithe suntasacha nuair a fhillfimid ar na stáisiúin vótála don chéad bhabhta eile de PEERanna agus táimid ag tnúth leis sin a dhéanamh.

Aguisíní

Aguisín 1 – Seicliosta PEER

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

CUID A: An Fhoireann Breathnóireachta	
A1. Uimhir na Foirne	
A2. Am Sroichte	
A3. Am Fágála	
CUID B: Sainaithint an Stáisiúin Vótála	
B1. Ainm an Stáisiúin Vótála	
B2. Uimhir an Bhotháin Vótála	
B3. Líon na mBothán Vótála sa Stáisiún Vótála	
B4. Oifigeach Ceannais an Stáisiúin Vótála	
B5. Critéir Roghnúcháin na Stáisiún Vótála	☐ Cás-Staidéar Gaeilge ☐ Ginearálta

CUID C: Oscailt | Le comhlánú má bhíothas i láthair ag an oscailt, agus sa chás sin amháin	
C1. **Am** | An raibh an stáisiún vótála ar oscailt don vótáil ag an am ceaptha, 07:00?	Bhí ☐ Ní raibh ☐
→ Nótaí tráchta:	
C2.1 **Bosca Ballóide** | Ar taispeánadh go raibh an bosca ballóide folamh dóibh siúd a bhí i láthair ag an am oscailte?	Taispeánadh ☐ Níor taispeánadh ☐
C2.2 **Bosca Ballóide** | Ar taispeánadh go raibh an bosca ballóide séalaithe go slán dóibh siúd a bhí i láthair ag an am oscailte?	Taispeánadh ☐ Níor taispeánadh ☐
→ Nótaí tráchta:	

CUID D: Taobh amuigh		
D1.1 **Comharthaíocht** | An bhfuil treochomharthaíocht le feiceáil ar an mbealach chuig an stáisiún vótála?	Tá ☐	Níl ☐
D1.2 **Comharthaíocht** | An bhfuil fógra oifigiúil a thugann "stáisiún vótála" le fios ar taispeáint ag an mbealach isteach chuig an stáisiún vótála?	Tá ☐	Níl ☐
D1.3 **Comharthaíocht (Gaeilge)** | An bhfuil na comharthaí agus na fógraí oifigiúla ar fad lasmuigh den stáisiún vótála dátheangach?	Tá ☐	Níl ☐
D1.4 **Comharthaíocht (Gaeilge)** | An bhfuil an téacs Gaeilge ar na comharthaí agus na fógraí sin os cionn an téacs Béarla?	Tá ☐	Níl ☐
D1.5 **Comharthaíocht (Gaeilge)** | An bhfuil an téacs Gaeilge chomh mór agus chomh feiceálach leis an téacs Béarla?	Tá ☐	Níl ☐
→ Nótaí tráchta:		

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

CUID D: Taobh amuigh (ar lean)		
D2.1 **Canbhasáil** | An bhfuil aon phóstaeir toghcháin le feiceáil laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste an stáisiúin vótála?	Tá ☐	Níl ☐
D2.2 **Canbhasáil** | An bhfuil aon chineálacha eile canbhasála, m.sh. bileoga eolais, le feiceáil laistigh de 50 méadar de chúirtealáiste an stáisiúin vótála?	Tá ☐	Níl ☐
→ Nótaí tráchta:		
D3.1 **Páirceáil** | An bhfuil saoráidí páirceála sách maith ann?	Tá ☐	Níl ☐
D3.2 **Páirceáil** | An bhfuil páirceáil inrochtana ainmnithe ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas gar do phríomhbhealach isteach an stáisiúin vótála do choisithe?	Tá ☐	Níl ☐
→ Nótaí tráchta:		

CUID E: Taobh Amuigh (Toghthóirí faoi Mhíchumas)			
E1.1 **Guaiseacha** | An bhfuil aon chéim nó fána ghéar lasmuigh den stáisiún vótála?	Tá ☐	Níl ☐	
E1.2 **Guaiseacha** | An bhfuil aon ghuaiseacha nó constaicí eile le feiceáil ar an mbealach chuig an stáisiún vótála?	Tá ☐	Níl ☐	
→ Nótaí tráchta:			
E2.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** | An bhfuil an príomhbhealach isteach chuig an stáisiún vótála inrochtana tríd is tríd d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí?	Tá ☐	Níl ☐	
E2.2 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** | An bhfuil comhartha ann a léiríonn go bhfuil an bealach isteach inrochtana?	Tá ☐	Níl ☐	N/B ☐
E2.3.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** | An bhfuil rampa cathaoireacha rothaí ar fáil?	Tá ☐	Níl ☐	N/B ☐
E2.3.2 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** | Má tá rampa cathaoireacha rothaí ann, an ceann buan é (.i. ionsuite sa bhealach isteach)?	Is ea ☐	Ní hea ☐	N/B ☐
E2.3.3 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** | Má tá rampa cathaoireacha rothaí ann, an ceann sealadach é (.i. iompartha/ inbhainte)?	Is ea ☐	Ní hea ☐	N/B ☐
E2.4 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh amuigh)** | Má tá an príomhbhealach isteach dorochtana, an bhfuil bealach isteach eile ann atá inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí (m.sh. bealach isteach ar thaobh an fhoirgnimh)?	Tá ☐	Níl ☐	N/B ☐
→ Nótaí tráchta:			

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

CUID F: Taobh istigh		
F1.1 **Leagan amach** | An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála sách maith chun an vóta a reáchtáil m.sh. dóthain spáis, dóthain soilse, srl.?	Tá ☐	Níl ☐
F1.2 **Leagan amach** | An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála ar tugadh cuairt uirthi intuigthe agus fabhrach do ghluaiseacht an phróisis vótála, m.sh. bealach isteach, aitheantas, vótáil, bealach amach?	Tá ☐	Níl ☐
F1.3 **Leagan amach** | An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála fabhrach do shlándáil an bhosca ballóide (le feiceáil go poiblí agus in áit shlán)?	Tá ☐	Níl ☐
F1.4 **Leagan amach** | An bhfuil an leagan amach sa stáisiún vótála fabhrach do rúndacht an phróisis vótála (spás príobháideach)?	Tá ☐	Níl ☐
→ Nótaí tráchta:		
F2. **Cúrsaí Foirne** | An bhfuil an fhoireann sa stáisiún vótála inaitheanta agus suite i limistéir ina bhfuil siad le feiceáil ag na toghthóirí?	Tá ☐	Níl ☐
→ Nótaí tráchta:		
F3.1 **Éigeandáil** | An bhfuil bealaí éalaithe éigeandála sa stáisiún vótála?	Tá ☐	Níl ☐
F3.2 **Éigeandáil** | Má tá, an bhfuil comharthaí ann le haghaidh na mbealaí éalaithe éigeandála?	Tá ☐	Níl ☐ N/B ☐
→ Nótaí tráchta:		

CUID G: Taobh Istigh (Toghthóirí faoi Mhíchumas)			
G1. **Leagan Amach** | An bhfuil an leagan amach feiliúnach do thoghthóirí faoi mhíchumas fisiciúil m.sh. bealaí isteach, pasáistí, urranna vótála, srl.?	Tá ☐	Níl ☐	
G2.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** | An bhfuil an taobh istigh inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí i dtéarmaí leagan amach m.sh. spás casta agus easpa constaicí?	Tá ☐	Níl ☐	
G2.2.1 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** | An bhfuil spás vótála íseal-leibhéil ann?	Tá ☐	Níl ☐	
G2.2.2 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** | An bhfuil urrann vótála íseal-leibhéil ann?	Tá ☐	Níl ☐	N/B ☐
G2.2.3 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** | An bhfuil bord íseal-leibhéil le scáthlán ann?	Tá ☐	Níl ☐	N/B ☐
G2.3 **Úsáid Cathaoireacha Rothaí (Taobh istigh)** | An bhfuil an bosca ballóide inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí (m.sh. suite ar airde inrochtana ≈ 1 mhéadar ón talamh)?	Tá ☐	Níl ☐	
→ Nótaí tráchta:			

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

CUID H: Nósanna Imeachta Vótála	
H1.1 **Póstaeir** | An bhfuil na póstaeir maidir le *Cionta Toghcháin* agus *Fianaise ar Chéannacht* ar taispeáint?	Tá ☐ Níl ☐
H1.2 **Póstaeir** | An bhfuil *Fógra i gCló Mór faoi Pháipéar Ballóide* ar taispeáint?	Tá ☐ Níl ☐
H1.3 **Póstaeir** | An bhfuil na póstaeir sin ar taispeáint i nGaeilge agus i mBéarla araon?	Tá ☐ Níl ☐
→ Mura bhfuil, sonraigh an teanga: Béarla Amháin ☐ Gaeilge Amháin ☐	
H2. **Ábhair** | An bhfuil aon chuid de na hábhair toghcháin riachtanacha in easnamh ón stáisiún vótála?	Tá ☐ Níl ☐
→ Má tá, tabhair sonraí anseo: ☐ Boscaí Ballóide ☐ Páipéir Bhallóide ☐ Clár na dToghthóirí ☐ Liosta Forlíontach/Forlíonadh leis an gClár ☐ Uirlis Stampála ☐ Treoir d'Oifigigh Cheannais ☐ Pinn/Pinn Luaidhe	
→ Nótaí tráchta:	
H3. **Aitheantas** | Ar iarradh ar aon toghthóirí cruthúnas aitheantais a thaispeáint nuair a tugadh páipéar ballóide dóibh le linn an athbhreithnithe? [Neamhéigeantach]	Iarradh ☐ Níor iarradh ☐
→ Nótaí tráchta:	
H4.1 **Páipéar Ballóide** | Ar 'stampáladh' páipéir bhallóide leis an marc oifigiúil *nuair a tugadh* do thoghthóirí iad?	Stampáladh ☐ Níor stampáladh ☐
H4.2 **Páipéar Ballóide** | Ar marcáladh ainmneacha na dtoghthóirí de Chlár na dToghthóirí nuair a tugadh páipéar ballóide dóibh?	Marcáladh ☐ Níor marcáladh ☐
→ Nótaí tráchta:	
H5.1 **Vótáil** | An raibh na toghthóirí in ann vótáil faoi rún sna hurranna vótála?	Bhí ☐ Ní raibh ☐
H5.2 **Vótáil** | An toghthóir amháin ag an am a bhí san urrann vótála, seachas má bhí compánach vótála ina dteannta?	Is ea ☐ Ní hea ☐
H5.3 **Vótáil** | An bhfacthas aon toghthóirí ag tógáil 'féiníní' nó aon chineál eile grianghrafadóireachta a bhfuil cosc air?	Chonacthas ☐ Ní fhacthas ☐
→ Nótaí tráchta:	

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

CUID I: Nósanna Imeachta Vótála (Toghthóirí faoi Mhíchumas)	
I1.1 **Lagú Amhairc** | An bhfuil Teimpléid Páipéir Ballóide ar fáil do thoghthóirí a bhfuil lagú amhairc orthu?	Tá ☐ Níl ☐
I1.2 **Lagú Amhairc** | An bhfuil aon deacracht le húsáid na dTeimpléad Páipéir Ballóide le feiceáil m.sh. tá sé deacair iad a úsáid?	Tá ☐ Níl ☐
I1.3 **Lagú Amhairc** | An bhfuil aon toghthóir a bhfuil lagú amhairc orthu le feiceáil ag úsáid na saoráide 'Saorghlao' chun cabhrú leo vóta a chaitheamh?	Tá ☐ Níl ☐
→ Nótaí tráchta:	
I2. **Bodhar/Allaíre** | An bhfuil aon saoráidí ann chun cabhrú leo siúd atá Bodhar/faoi Allaíre ag a bhfuil lagú éisteachta m.sh. Córas na Lúibe (fuaime) le haghaidh áiseanna éisteachta?	Tá ☐ Níl ☐
→ Má tá, tabhair sonraí anseo:	
I3. **Míchumais Neamhfhisiciúla** | An bhfaca tú aon toghthóir faoi mhíchumas intleachta, foghlama, céadfach nó forbartha ag fáil cúnamh ón bhfoireann vótála (m.sh. cúnamh le vótáil nó cúnamh ginearálta)?	Chonaic ☐ Ní fhaca ☐
→ Nótaí tráchta:	
I4.1 **Compánach Vótála** | An raibh vótáil le cúnamh ó chompánach vótála le feiceáil?	Bhí ☐ Ní raibh ☐
I4.2 **Compánach Vótála** | Má bhí, ar eisigh an tOifigeach Ceannais an mionn nó dearbhasc don chompánach vótála? [*Neamhéigeantach]	D'eisigh ☐ Níor eisigh ☐ N/B ☐
→ Má bhí agus/nó má d'eisigh, tabhair tuilleadh sonraí anseo:	

CUID J: Eolas agus Seirbhísí Gaeilge	
J1.1 **Seirbhísí Gaeilge** An bhfuil gach ball foirne sa stáisiún vótála (ag na deasca a breathnaíodh) in ann a ndualgais a chomhlíonadh trí Gaeilge?	Tá ☐ Níl ☐
J1.2 **Seirbhísí Gaeilge** An bhfuil duine amháin ar a laghad d'fhoireann an stáisiúin vótála (ag gach deasc a breathnaíodh) in ann a ndualgais a chomhlíonadh trí Gaeilge?	Tá ☐ Níl ☐
J1.3 **Seirbhísí Gaeilge** Mura bhfuil, an bhfuil ball foirne ar fáil sa stáisiún vótála chun freastal ar chainteoirí Gaeilge?	Tá ☐ Níl ☐
→ Nótaí tráchta:	
J2.1 **Úsáid Teanga** | An bhfaca tú toghthóirí ag labhairt Gaeilge sa stáisiún vótála?	Chonaic ☐ Ní fhaca ☐
J2.2 **Úsáid Teanga** | Cén céatadán, go garbh, de na toghthóirí a labhair Gaeilge sa stáisiún vótála?	
→ Nótaí tráchta:	

An Coimisiún Toghcháin
The Electoral Commission

CUID J: Daoine i Láthair

J1. **Foireann an Stáisiúin Vótála** | Tabhair cuntas ar an bhfoireann a bhí san áit vótála le linn an athbhreithnithe:

An Fhoireann	I láthair	An Líon Foirne i Láthair
An tOifigeach Ceannais	☐	_____
An tOifigeach Ceannais Maoirseachta	☐	_____
Cléireach Vótála	☐	_____

→ Nótaí trachta:

J2.1 **Daoine Údaraithe** | An raibh gníomhairí pearsanaíochta i láthair sa stáisiún vótála le linn an athbhreithnithe?	Bhí ☐ Ní raibh ☐

→ Má bhí, tabhair sonraí anseo:

J2.2 **Daoine Údaraithe** | An raibh aon fhadhbanna le daoine neamhúdaraithe a bhí i láthair sa stáisiún vótála le linn an athbhreithnithe?	Bhí ☐ Ní raibh ☐

→ Nótaí trachta:

J3. **Cumarsáid** | Ar phléigh tú aon fhadhb leis an Oifigeach Ceannais m.sh. easpa ábhar nó easpa urrann vótála íseal-leibhéil?	Phléigh ☐ Níor phléigh ☐

→ Nótaí trachta:

CUID K: Nuálaíocht & Feabhsúcháin

K1. **Tionscnamh** | Ar chuir Cinn Chomhairimh nó Oifigigh Cheannais aon tionscnamh nó beart i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil a chabhraigh le héifeachtúlacht nó sláine an phróisis toghcháin?	Chuir ☐ Níor chuir ☐

→ Má chuir, tabhair sonraí anseo:

CUID L: Nótaí Tráchta Breise

Má tá aon nóta tráchta breise agat faoi inrochtaineacht an stáisiúin vótála nó faoi riarachán na vótála trí chéile, tabhair breac-chuntas orthu anseo thíos:

Aguisín 2 – Anailís Staitistiúil ar Sheicliosta PEER

Tá na céatadáin a léirítear sa tábla seo bunaithe ar na freagraí a fuarthas ó na seicliostaí. D'fhéadfadh "N/B" a léiriú nach raibh an cheist ábhartha don stáisiún vótála lena mbaineann nó nár taifeadadh aon fhreagra. Ós rud é nach raibh roinnt ceisteanna ábhartha do gach stáisiún vótála, ar nós na gceisteanna le haghaidh chás-staidéar na Gaeilge, d'fhéadfadh an líon iomlán freagraí ar cheisteanna aonair a bheith éagsúil, agus dá bhrí sin, ní léireoidh céatadáin líon iomlán an 42 stáisiún vótála i gcónaí.

	Ceisteanna Sheicliosta PEER	% √	% X	% N/B
D1.1	Comharthaíocht – Treochomharthaíocht	48%	52%	0%
D1.2	Comharthaíocht – Fógra Oifigiúil	88%	12%	0%
D1.3	Comharthaíocht – Gaeilge – Dátheangach	83%	17%	0%
D1.4	Comharthaíocht – Gaeilge Thuas	48%	52%	0%
D1.5	Comharthaíocht – Gaeilge Chomh Feiceálach Céanna	83%	17%	0%
D2.1	Canbhasáil – Póstaeir	29%	71%	0%
D2.2	Canbhasáil – Eile	12%	88%	0%
D3.1	Páirceáil – Ginearálta	69%	31%	0%
D3.2	Páirceáil – Inrochtaineacht	50%	50%	0%
E1.1	Guaiseacha – Céimeanna	17%	83%	0%
E1.2	Guaiseacha – Eile	10%	90%	0%
E2.1	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Príomhbhealach Isteach	86%	14%	0%
E2.2	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Comharthaíocht	50%	50%	0%
E2.3.1	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Rampa ar Fáil	81%	19%	0%
E2.3.2	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Rampa Buan	69%	31%	0%
E2.3.2	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Rampa Sealadach	12%	88%	0%
E2.3.2	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Bealach Isteach Cothrom	15%	85%	0%
E2.3.2	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Easpa Rampa	5%	95%	0%

	Ceisteanna Sheicliosta PEER	% √	% X	% N/B
E2.4	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Bealach Isteach Eile	5%	7%	88%
F1.1	Leagan Amach – Dálaí Leordhóthanacha	95%	5%	0%
F1.2	Leagan Amach – Sreabhadh Vótála	93%	7%	0%
F1.3	Leagan Amach – Slándáil	100%	0%	0%
F1.4	Leagan Amach – Rúndacht	90%	10%	0%
F2.	Foireann	100%	0%	0%
F3.1	Bealach Éalaithe Éigeandála – Ar Fáil	93%	7%	0%
F3.2	Bealach Éalaithe Éigeandála – Comharthaíocht	90%	10%	0%
G1.	Leagan Amach – Inrochtaineacht	86%	14%	0%
G2.1	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Spás	95%	5%	0%
G2.2.1	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Spás Vótála Íseal-leibhéil	98%	2%	0%
G2.2.2	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Urrann Íseal-leibhéil	88%	12%	0%
G2.2.2	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Deasc Íseal-leibhéil le Scáthlán	7%	93%	0%
G2.2.2	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Deasc Íseal-leibhéil gan Scáthlán	2%	98%	0%
G2.2.2	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Easpa Vótáil Íseal-leibhéil	2%	98%	0%
G2.3	Úsáid Cathaoireach Rothaí – Bosca Ballóide	90%	10%	0%
H1.1	Póstaeir – Cionta & Céannacht	100%	0%	0%
H1.2	Póstaeir – Páipéar Ballóide i gCló Mór	98%	2%	0%
H1.3	Póstaeir – Gaeilge – Dátheangach	98%	2%	0%
H2.1	Easpa Ábhar	5%	95%	0%
H3.	Céannacht	74%	24%	2%

	Ceisteanna Sheicliosta PEER	% √	% X	% N/B
H4.1	Páipéar Ballóide – Stampáilte	98%	0%	2%
H4.2	Páipéar Ballóide – Clár na dToghthóirí	98%	0%	2%
H5.1	Vótáil – Rúndacht Urrainne	95%	5%	0%
H5.2	Vótáil – Toghthóir Amháin san Urrann	88%	10%	2%
H5.3	Vótáil – Grianghrafadóireacht	2%	95%	2%
I1.1	Lagú Amhairc – Teimpléad Páipéir Ballóide ar Fáil	100%	0%	0%
I1.2	Lagú Amhairc – Deacrachtaí	0%	55%	45%
I1.3	Lagú Amhairc – Saorghlao	0%	76%	24%
I2.	Bodhar/Allaíre – Córas na Lúibe	2%	98%	0%
I3.	Míchumais Neamhfhisiciúla	0%	83%	17%
I4.1	Compánach Vótála – Cúnamh	2%	98%	0%
I4.2	Compánach Vótála – Mionn	0%	2%	98%
J2.1	Daoine Údaraithe – Pearsanaíocht	5%	95%	0%
J2.2	Daoine Údaraithe – Fadhbanna	5%	95%	0%
J1.1	Seirbhísí Gaeilge – Gach Ball Foirne	50%	50%	0%
J1.2	Seirbhísí Gaeilge – Aon Bhall Foirne	90%	10%	0%
J1.3	Úsáid Teanga	50%	50%	0%
J1.3.1	Úsáid Teanga 0%	50%	50%	0%
J1.3.2	Úsáid Teanga 80%	10%	90%	0%
J1.3.3	Úsáid Teanga 90%	20%	80%	0%
J1.3.4	Úsáid Teanga 100%	20%	80%	0%

Aguisín 3 – Innéacs na Stáisiún Vótála ar Tugadh Cuairt Orthu

1. Baile Átha Cliath Láir

Stáisiún Vótála		Seoladh
1	Bóthar Theach Biocáire na Naomh	30 Br Bhaile Phib, Baile Phib, Baile Átha Cliath 7, D07 Y9T3.
2	S.N. Chríost Rí	Bóthar na hAnaíle, An Chabrach Thoir, Baile Átha Cliath 7, D07 X950.
3	Baile Bodhar Éireann	Bóthar Ráth Tó, An Chabrach Thiar, Baile Átha Cliath 7, D07 V4KP.
4	S.N. Dhroim Chonrach	Ascaill an Teampaill, Droim Chonrach, Baile Átha Cliath 9, D09 VY58.
5	S.N. Chlochar Shráid Ghairdinéir	Cúirt Belvedere, Baile Átha Cliath 1, D01 H9C5.
6	S.N. Ghlas Naíon	Ascaill Gharraithe na Lus, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9, D09 TW63.
7	Réamhscoil an Linbh Naofa	Sráid Sheáin Mhic Dhiarmada Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F228.
8	Halla Paróiste Shéipéal na Trá Thuaidh	Ascaill Waterloo, An Trá Thuaidh, Baile Átha Cliath 3, D03 C422.
9	Bunscoil Uí Chonaill	Sráid Richmond Thuaidh, An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 H9X5.
10	S.N. Ag Foghlaim le Chéile Phlás Pharthais	Plás Pharthais, Sráid Dorset Uachtarach, Baile Átha Cliath 7, D07 HF10.
11	Scoil Chaoimhín	Sráid Marlborough, An Chathair Thuaidh, Baile Átha Cliath 1, D01 YT29.
12	Ionad Pobail Sheáin Uí Chathasaigh	18-26 Br Mhuire, An Port Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 AY74.
13	S.N. Shráid Stanhope	Sráid an Mhainéir, Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7, D07 DY60.
14	S.N. Cholmcille	Bóthar Í, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9, D09 YX46.
15	S.N. Fhionnbarra Naofa	Br Chill Chiaráin, An Chabrach Thiar, Baile Átha Cliath 7, D07 A522.
16	S.N. Ghaibriéil	Sr. Cowper, Bóthar na gCloch, Baile Átha Cliath 7, D07 CX50.
17	S.N. Lorcán Ua Tuathail	1 Plás Seville, An Port Thuaidh, Bhaile Átha Cliath 1, D01 A439.
18	S.N.B. Phádraig	Ascaill Shruth an Mhuilinn, Droim Chonrach, Baile Átha Cliath 9, D09 H008.
19	S.B.C. San Pól	Sráid Brunswick Thuaidh, Baile Átha Cliath 7, D07 P529.
20	S.N. Naomh Peadar	Bóthair Pheadair, Baile Phib, Baile Átha Cliath 7, D07 F75C.
21	S.B.C. Bunscoil Naomh Uinseann	Bóthar San Filimín, Glas Naíon, Baile Átha Cliath 11, D11 HX78.

2. Gaillimh Thiar

Tugadh cuairt ar na deich stáisiúin (a bhfuil dath glas orthu) mar chuid den chás-staidéar Eolas agus Seirbhísí i nGaeilge, ceann amháin i ngach Limistéar Pleanála Teanga (LPT) i nGaeltacht na Gaillimhe. Bhí sé cinn eile lonnaithe i mBailte Seirbhíse Gaeltachta an Chlocháin agus Chathair na Gaillimhe (a bhfuil dath gorm orthu).

Stáisiún Vótála		Seoladh	LPT
1	S.N. na Ceathrún Rua	An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, H91 T4C2.	An Cheathrú Rua
2	S.N. Bhearna	Bearna, Co. na Gaillimhe, H91 X2X8.	Bearna & Cnoc na Cathrach
3	S.N. Charna	Carna, Co. na Gaillimhe, H91 D2H5.	Conamara Láir
4	S.N. Chill Rónáin	Cill Rónáin, Inis Mór, Co. na Gaillimhe, H91 ED89.	Oileáin Árann
5	An tIonad Pobail, An Baile Bán	Bóthar Pháirc an Chaisleáin, An Baile Bán, Co. na Gaillimhe, H91 VP6D.	Baile Seirbhíse Gaeltachta
6	An tIonad Pobail, Uachtar Ard	An Phríomhshráid, Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe, H91 XA8R.	
7	S.N. Chorr na Móna	Corr na Móna, Co. na Gaillimhe, F12 WV77.	Dúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh
8	S.N. na Creige Móire	An Chreig Charrach, Baile Chláir, Co. na Gaillimhe, H91 YD28.	
9	S.N. Eanach Dhúin	Eanach Dhúin, Cor an Dola, Co. na Gaillimhe, H91 C963.	An tEachréidh
10	Gaelscoil Mhic Amhlaigh	Lána an Mhuilleora, Cnoc na Cathrach, Gaillimh, H91 FV4D.	Baile Seirbhíse Gaeltachta
11	S.N. Inis Bó Finne	An Cheathrú Láir, Inis Bó Finne, Co. na Gaillimhe, H91 KV48.	
12	S.N. Leitir Fraic	Leitir Fraic, Co. na Gaillimhe, H91 H603.	
13	S.N. Mhaigh Cuilinn	Church Road, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe, H91 HF10.	Maigh Cuilinn
14	S.N. Bhuachaillí Mervue	Bóthar Uaitéir Uí Mhaicín, Mervue, Gaillimh, H91 YD58.	Baile Seirbhíse Gaeltachta

Stáisiún Vótála		Seoladh	LPT
15	S.N. Bhuachaillí Órán Mór	Maree Road, Órán Mór, Co. na Gaillimhe, H91 Y763.	
16	S.N. Sailearna	Na hAille, Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 PW35.	Cois Fharraige
17	Scoil Éinde, Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín	Bóthar an Dochtúra Uí Mhainchín, Bóthar na Trá, Gaillimh, H91 Y725.	Baile Seirbhíse Gaeltachta
18	Scoil Mhuire, An Clochán	Racecourse Road, An Clochán, Co. na Gaillimhe, H71 HY04.	Baile Seirbhíse Gaeltachta
19	S.N. Niocláis, An Cladach	Bóthar Naomh Doiminic, An Cladach, Co. na Gaillimhe, H91 DX57.	Baile Seirbhíse Gaeltachta
20	S.N. Thír an Fhia	Tír an Fhia, Leitir Móir, Co. na Gaillimhe, H91 YF90.	Ceantar na nOileán
21	S.N. Thír Oileáin	Arda Thír Oileáin, Bóthar Áth Cinn, Gaillimh, H91 X853.	Oirthear Chathair na Gaillimhe

Iarnótaí

[i] Census 2016 Boundary Files, https://www.cso.ie/en/census/census2016reports/census2016boundaryfiles/.

[ii] Údarás na Gaeltachta, Gaillimh | An Ghaeltacht | An Ghaeilge & An Ghaeltacht | Údarás na Gaeltachta

[iii] % den daonra iomlán a thuairiscigh go labhraíonn siad Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Níor bailíodh sonraí faoi úsáid teanga páistí faoi bhun 3 bliana d'aois mar chuid de Dhaonáireamh 2022, agus mar sin níor taifeadadh aon duine díobh mar chainteoirí laethúla Gaeilge.

[iv] An Coimisinéir Teanga, Tuarascáil Bhliantúil 2025, lch 27 https://www.coimisineir.ie/userfiles/files/new%20sub/Coimisin%C3%A9ir%20Teanga%20Tuarasc%C3%A1il%20Bhliant%C3%BAil%202025.pdf?lang=GA

[v] An Coimisinéir Teanga, Tuarascáil Bhliantúil 2025.

[vi] Voting rights for people experiencing homelessness https://www.feantsa.org/files/Themes/Participation/2024/Barriers_to_political_participation_for_homeless_people_must_be_removed_0606.pdf#page=2&zoom=100,0,969

[vii] Foirmeacha Iarratais https://www.voter.ie/download

[viii] Address Point https://www.anpost.com/AddressPoint

[xi] Tuarascáil an Choimisiúin Review of Electoral Participation and Inclusion https://www.electoralcommission.ie/app/uploads/2026/08/27082026-Research-Report-Review-ofparticipation-and-inclusion.pdf

Nótaí

Nótaí

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Toghcháin,
Samhain 2026
ISBN 978-1-911722-19-9

An Coimisiún Toghcháin,
Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2,
D02 X8X8.

Lean muid ar na meáin shóisialta @ElecCommIRL